Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**12840/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0259 (COD)**

**CULT 108**
**JEUN 207**
**TOUR 29**
**CULT HERIT 23**
**CDR 203**
**CES 14**
**EEE 15**
**AELE 70**
**SOC 589**
**ECOFIN 1164**
**COMPET 1050**
**ENV 1054**
**EDUC 365**
**SUSTDEV 69**
**CODEC 1640**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 455 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena n-athnuaitear gníomhaíocht de chuid an Aontais do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa le haghaidh 2034 go dtí 2047 agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 445/2014/AE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 455 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 455 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.9.2026
COM(2026) 455 final

2026/0259 (COD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-athnuaitear gníomhaíocht de chuid an Aontais do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa le haghaidh 2034 go dtí 2047 agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 445/2014/AE**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA

GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Cruthaíodh Príomhchathracha Cultúir na hEorpa in 1985 mar thionscnamh idir-rialtasach. Rinneadh gníomhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh díobh go hoifigiúil in 1999 chun an tionscnamh a dhéanamh níos éifeachtaí. Bunaíodh critéir agus nósanna imeachta roghnúcháin nua, tarraingíodh suas liosta croineolaíoch de na Ballstáit lena léiríodh an t-ord ina raibh siad i dteideal 'an teideal' a óstáil, agus cruthaíodh painéal Eorpach saineolaithe neamhspleácha chun measúnú a dhéanamh ar na hiarratais (Cinneadh Uimh. 1419/1999/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 lena mbunaítear gníomhaíocht Chomhphobail do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa le haghaidh 2005 go 2019[1]).

Rinneadh na rialacha a athnuachan den chéad uair in 2006 chun éifeachtacht an tionscnaimh a fhorbairt a thuilleadh trí iomaíocht idir na cathracha a spreagadh agus trí cháilíocht na dtairiscintí a chothú. Leis na rialacha nua sin, tugadh isteach freisin bearta éagsúla chun tacú leis na cathracha maidir lena n-ullmhúchán, lena n-áirítear próiseas faireacháin (Cinneadh Uimh. 1622/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena mbunaítear gníomhaíocht Chomhphobail do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa le haghaidh 2007 go 2019[2]). Is in 2014 a glacadh an bunús dlí atá ann faoi láthair (Cinneadh Uimh. 445/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]).

Tiocfaidh deireadh le Cinneadh Uimh. 445/2014/AE in 2033. Tá an comórtas le haghaidh an teidil á sheoladh faoi láthair 6 bliana roimh ré chun a dhóthain ama a thabhairt do na cathracha maidir lena n-ullmhúchán roimh thús bhliain an teidil. Dá bhrí sin, ba cheart an bunús dlí nua maidir le leanúint de Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa a ghlacadh in 2027 chun aistriú rianúil a áirithiú in 2034. Is é is aidhm don chreat dlíthiúil nua sin ábharthacht leanúnach an tionscnaimh a ráthú, agus an gá atá le bearta simpliúcháin á chur san áireamh.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá an tionscnamh comhsheasmhach leis an ngealltanas polaitiúil comhroinnte chun cultúr san Eoraip a chosaint, a chur chun cinn agus tacú leis, mar a leagtar amach sa Dearbhú Comhpháirteach 'An Eoraip ar son Cultúir – Cultúr ar son na hEorpa' ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, agus leis an g**Compás Cultúir don Aontas Eorpach**[4],

Tá sé ag teacht le tionscnaimh Eorpacha amhail **Bauhaus Eorpach Nua**[5] agus tá sé i gcomhréir le Coinbhinsiún UNESCO 2005 ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn, ar páirtí ann an tAontas agus a Bhallstáit agus le Dearbhú na Róimhe ó mhí an Mhárta 2017, inar bheartaigh na Ballstáit agus institiúidí de chuid an Aontais Aontas 'ina mbeidh deiseanna nua ag saoránaigh le haghaidh forbairt chultúrtha agus shóisialta agus fás eacnamaíoch [...]; Aontas a chaomhnóidh ár n-oidhreacht chultúrtha agus a chuirfidh an éagsúlacht chultúrtha chun cinn'. Tá sé ag teacht le Clár Oibre Straitéiseach na Comhairle 2024-2029, lena ngealltar éagsúlacht chultúrtha agus oidhreacht chultúrtha an Aontais a chur chun cinn[6].

---

1. IO L 166, 1.7.1999, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1999/1419/oj.
2. IO L 304, 3.11.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2006/1622/oj.
3. Cinneadh Uimh. 445/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear gníomhaíocht de chuid an Aontais do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa le haghaidh 2020 go 2033 lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1622/2006/CE (IO L 132, 3.5.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/445(1)/oj).
4. Compás Cultúir don Aontas Eorpach - COM(2025) 785.
5. Bauhaus Eorpach Nua - ón bhfís go dtí an cur chun feidhme - COM(2025) 1026.
6. Clár Oibre Straitéiseach na Comhairle 2024-2029.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tionscnamh ailínithe le tosaíochtaí beartais uileghabhálacha 2024-2029 an Choimisiúin Eorpaigh, lena n-áirítear 1) tacú le daoine, ár sochaithe agus ár samhail shóisialta a neartú; 2) ár ndaonlathas a chosaint, ár luachanna a chaomhnú; 3) rathúnas inbhuanaithe agus iomaíochas na hEorpa; agus 4) Eoraip dhomhanda.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá Príomhchathracha Cultúir na hEorpa bunaithe ar Airteagal 167 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Le hAirteagal 167(1), tugtar an sainordú don Aontas rannchuidiú le borradh chultúir na mBallstát, agus a n-éagsúlacht náisiúnta agus réigiúnach á hurramú agus an chomhoidhreacht chultúrtha á tabhairt chun suntais san am céanna. Spreagfaidh an tAontas freisin ‘comhar idir na Ballstáit’ i réimse an chultúir ‘más gá, trí thacú lena ngníomhaíocht agus trína forlíonadh’ i gcomhréir le hAirteagal 167(2).

- **Coimhdeacht / Comhréireacht**

Tá an togra i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Is ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta fós atá an príomhleibhéal gníomhaíochta chun Príomhchathracha Cultúir na hEorpa a chur chun feidhme. Mar sin féin, léiríodh sa mheastóireacht agus sa chomhairliúchán poiblí go bhfuil ról ríthábhachtach ag an Aontas maidir le comhordú idir na Ballstáit chun cur i bhfeidhm critéar coiteann, soiléir agus trédhearcach a áirithiú, go háirithe i dtaca leis na nósanna imeachta roghnúcháin agus faireacháin le haghaidh Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa. Tacaíonn an tAontas freisin le hullmhúchán na gcathracha roghnaithe trí mholtaí an phainéil Eorpaigh saineolaithe, trí mhalartú dea-chleachtas idir cathracha, agus trí ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm Dhuais Melina Mercouri.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireacht eatramhach ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Tá obair an Choimisiúin ar an togra le haghaidh Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa tar éis 2033 bunaithe ar raon leathan ionchuir.

Idir 2024 agus 2025, rinneadh an chéad mheastóireacht eatramhach ar Ghníomhaíocht 2020-2033 Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa[7]. Maidir le cathracha a raibh teideal Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa acu idir 2013 agus 2023, agus cathracha tairisceana le haghaidh na tréimhse 2020-2028, sainaithníodh inti an rath a baineadh amach agus na ceachtanna a foghlaimíodh le linn chur chun feidhme an tionscnaimh.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, maidir leis na príomh-shaincheisteanna uile, go raibh cóineasú leathan ann idir an fhianaise agus na sonraí a bailíodh trí na meastóireachtaí agus trí na tuairimí a cuireadh in iúl le linn an phróisis comhairliúcháin. Chuir sé sin ar a chumas don Choimisiún roinnt ceachtanna tábhachtacha a fhoghlaim le haghaidh thodhchaí Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa.

Tá comhdhearcadh ann gur gníomhaíocht rathúil amach is amach iad Príomhchathracha Cultúir na hEorpa, agus tá tacaíocht an-láidir ann go leanfar leo tar éis 2033. Is léir go bhfuil siad anois ar cheann

[7] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an gcéad mheastóireacht eatramhach ar an nGníomhaíocht Príomhchathracha Cultúir na hEorpa 2020-2033 – COM(2025) 587.

de na tionscnaimh chultúrtha is uaillmhianaí san Eoraip, ó thaobh raon feidhme agus scála de araon. Tá siad anois ar cheann de na tionscnaimh is infheicthe agus is mó le rá de chuid an Aontais agus is dócha go bhfuil siad ar cheann de na tionscnaimh is mó a bhfuil meas ag saoránaigh den Aontas Eorpach orthu.

D'fhéadfadh go leor tairbhí a bheith ag baint le Príomhchathracha Cultúir na hEorpa do chathracha nuair a phleanáiltear iad go cúramach. Thar aon ní eile, is imeacht cultúrtha iad i gcónaí, ach is féidir tairbhí móra sóisialta agus eacnamaíocha a bheith ag baint leo freisin. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás ina bhfuil an t-imeacht leabaithe i straitéis fhadtéarmach forbartha faoi stiúir an chultúir sa chathair agus sa réigiún máguaird. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, cé nach féidir ach le haon chathair amháin i ngach Ballstát an t-imeacht a óstáil in aon bhliain ar leith, go bhfuil éifeacht ghiarála thábhachtach ag an gcomórtas ar fhorbairt beartas agus straitéisí nua nó níos éifeachtaí fiú i gcathracha nach n-éiríonn leo an teideal a bhaint amach.

Mar sin féin, tá dúshláin ag baint le Príomhchathracha Cultúir na hEorpa freisin. Ní furasta clár bliana de ghníomhaíochtaí cultúrtha a reáchtáil agus is fearr a d'éirigh le Príomhchathracha Cultúir na hEorpa áirithe ná cinn eile lántairbhe a bhaint as acmhainneacht an teideal sin. Is é an príomhdhúshlán a bheidh ann amach anseo, dá bhrí sin, cur le láidreachtaí na scéime atá ann faoi láthair, agus an tráth céanna, cuidiú le gach Príomhchathair leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an teidil agus an leas is fearr is féidir a bhaint as na tairbhí cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíocha.

Ar bhonn thorthaí na meastóireachta agus na gcomhairliúchán, shainaithin an Coimisiún na príomhfhadhbanna a raibh oiriúnú agus nuachóiriú an tionscnaimh ag teastáil ina leith, agus an gá atá le bearta simpliúcháin á mheas.

Ar an gcéad dul síos, cé go bhfuil an ghné Eorpach ar cheann de phríomhchodanna an tionscnaimh agus de na critéir roghnúcháin atá ann faoi láthair, is minic a bhaintear míthuiscint aisti agus, dá bhrí sin, tugann cathracha is iarrthóirí neamhaird uirthi.

Ar an dara dul síos, cé go bhfuil critéar maidir le 'rannchuidiú leis an straitéis fhadtéarmach' i gceist leis an measúnú ar iarratais ó chathracha, ní raibh an tionchar fadtéarmach chomh hiomlán agus a mheas roinnt cathracha. D'fhéadfadh fócas níos láidre ar chritéar den sórt sin dul chun tairbhe do chathracha agus d'ábharthacht na gníomhaíochta araon.

Ar an tríú dul síos, ós rud é nach bhfuil aon líonra institiúideach ann faoi láthair a bhaineann le Príomhchathracha Cultúir na hEorpa, tá baol ann go gcaillfear eolas idir cathracha is iarrthóirí agus cathracha is sealbhóirí teidil a bhí ann roimhe seo, atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

Ar an gceathrú dul síos, déanann an Coimisiún Eorpach cumarsáid faoi láthair faoi ainmniú oifigiúil Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa trína bhealaí caighdeánacha, lena n-áirítear preaseisiúintí, míreanna suímh gréasáin agus postálacha ar na meáin shóisialta. Mar sin féin, níl aon fheachtas cumarsáide comhpháirteach ar leibhéal an Aontais ann faoi láthair chun na cathracha is sealbhóirí teidil a chur chun cinn. Rachadh iarrachtaí comhordaithe idir institiúidí de chuid an Aontais, na Ballstáit agus cathracha is sealbhóirí teidil chun tairbhe d'infheictheacht agus tionchar na gníomhaíochta, agus d'fheasacht an phobail ina leith.

Ar an gcúigiú dul síos, níl sásraí tomhais curtha i bhfeidhm ag na cathracha féin go fóill agus, dá bhrí sin, níl aon phríomhshonraí ann maidir le tionchar an teidil. Fágann sé sin go bhfuil sé deacair comparáid a dhéanamh idir na Príomhchathracha Cultúir éagsúla agus lagaíonn sé an t-aistriú taithí.

Ar an séú dul síos, deacracht a thagann chun cinn arís agus arís eile is ea an éifeacht atá ag an bpolaitíocht náisiúnta agus áitiúil ar na buiséid, ar gá dóibh a bheith chomh cobhsaí agus is féidir idir na céimeanna tairisceana agus na céimeanna deiridh. Bhí tionchar ag an bpolaitíocht freisin ar ghnéithe eile d'eagrú an imeachta. Tá tacaíocht pholaitiúil ríthábhachtach toisc gur cistí poiblí iad formhór na gcistí agus, dá huireasa sin, ní féidir le cathair tairiscint inchreidte a dhéanamh. An tráth

céanna, teastaíonn ón bhfoireann cur chun feidhme go n-urramaítear a neamhspleáchas ealaíne chun inchreidteacht an imeachta a chosaint.

Ar deireadh, tá roinnt Ballstát tar éis an teideal a óstáil go minic cheana féin agus níl ach líon teoranta iarrthóirí réalaíocha ag cuid acu le haghaidh imeacht mórscála amhail Príomhchathracha Cultúir na hEorpa. D'fhéadfadh éifeachtaí diúltacha láidre a bheith ag óstáil an teidil ar chathair ag a bhfuil acmhainní teoranta, agus dá roghnófaí Príomhchathracha Cultúir na hEorpa atá níos laige, bheadh an baol ann go ndéanfaí dochar do ghradam agus luach branda Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa san fhadtéarma.

Dá bhrí sin, cinneadh leanúint den ghníomhaíocht le bunús dlí nua lena dtugtar aghaidh ar na fadhbanna a tháinig chun cinn maidir leis an gCinneadh atá ann faoi láthair a chur chun feidhme. Tá liosta croineolaíoch nua de na Ballstáit le fáil san Iarscríbhinn.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Faoi chuimsiú na chéad mheastóireachta eatramhaí ar Ghníomhaíocht 2020-2033 Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa, rinneadh comhairliúchán poiblí i samhradh 2024[8], lena n-áirítear roinnt ceisteanna maidir leis an mbunús dlí tar éis 2033.

Foilsíodh glao ar fhianaise maidir le gníomhaíocht Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa agus bhí sé ar siúl ón 3 Nollaig 2025 go dtí an 16 Eanáir 2026 chun ionchur a bhailiú ó raon leathan páirtithe leasmhara maidir leis an athbhreithniú ar bhunús dlí Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa. Díríodh ar bhainisteoirí Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa go háirithe (iarbhainisteoirí, bainisteoirí atá ann faoi láthair agus bainisteoirí a bheidh ann amach anseo); údaráis bhainistíochta Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa sna Ballstáit (i.e. an Aireacht Chultúir ar leith); saineolaithe acadúla i bhforbairt chultúrtha na gcathracha agus Painéal Saineolaithe Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa; an pobal i gcoitinne; líonraí cultúrtha, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, agus eagraíochtaí sochaí sibhialta. Fuarthas 26 fhreagra faoin sprioc-am. Cuireadh san áireamh iad sa tobsmaointeoireacht ina dhiaidh sin maidir le hathnuachan an chreata dhlíthiúil sin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Soláthraíodh ionchur sa mhachnamh ar thodhchaí Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa freisin le tuarascálacha agus staidéir féintionscnaimh a rinne páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Culture Next[9] (arna mhaoiniú faoi scéim *Líonraí Eorpacha Eagraíochtaí Cultúrtha* de chuid Eoraip na Cruthaitheachta ó 2022 go 2028) agus EUROCITIES[10].

Ina theannta sin, ag comóradh 40 bliain thionscnamh Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa i mí Aibreáin/mí na Bealtaine 2024, pléadh todhchaí na gníomhaíochta go mion agus mar thoradh air sin foilsíodh an Páipéar Bán '40 moladh ó Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa ar feadh 40 bliain'[11] a sholáthair Chemnitz 2025 agus Nova Gorica 2025.

- **Measúnú tionchair**

Ní dhearnadh measúnú tionchair ar na cúiseanna seo a leanas:

1) Tá scála thionchar Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa teoranta.

2) Ní clár creata airgeadais ilbhliantúil (CAI) Príomhchathracha Cultúir na hEorpa, toisc go gcomhtháthaítear a chostais laistigh den chlár Eoraip na Cruthaitheachta (nó a chomharbaí). Tá tionchar teoranta aige ar bhuiséad an Aontais, ós rud é nach leithdháiltear ach EUR 1,5 milliún faoi

[8] Comhairliúchán: Príomhchathracha Cultúir na hEorpa - meastóireacht eatramhach le haghaidh 2024.
[9] Culture Next.
[10] EUROCITIES.
[11] 40 moladh ó Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa ar feadh 40 bliain.

láthair ar gach Príomhchathair Chultúir na hEorpa, móide na costais chaiteachais do na painéil saineolaithe. Ní ghabhann aon imchlúdach airgeadais le bunús dlí Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa; áirítear é i mbunús dlí Eoraip na Cruthaitheachta.

3) Ní dhearnadh measúnú tionchair maidir leis an mbunús dlí roimhe seo.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Le hathnuachan an bhunúis dlí do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa, beidh deis ann iarrachtaí simpliúcháin a chur chun cinn a thuilleadh agus gníomhaíocht níos inrochtana, níos so-úsáidte agus níos dírithe ar an saoránach a bhaint amach. Le creat nua Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa, réitítear an bealach i dtreo an mhéid seo a leanas:

- tacaíocht spriocdhírithe bhreise do chathracha is iarrthóirí agus do chathracha ainmnithe;
- gníomhaíochtaí cumarsáide níos láraithe, lena n-áiritheofar feasacht níos láidre saoránach ar an tionscnamh;
- treoirlínte níos trédhearcaí maidir le measúnú a dhéanamh ar iarratais cathracha (go háirithe a mhéid a bhaineann leis an ‘gné Eorpach’);
- coincheapa agus teanga an cheistneora roghnúcháin a athbhreithniú agus a shoiléiriú;
- thabharfaí isteach comhar agus comhroinnt eolais níos láidre idir cathracha, go háirithe tríd an bhféidearthacht iarratas a dhéanamh mar ghrúpaí (trasteorann) cathracha, a gcomhordódh agus stiúrfadh aon chathair amháin an tairiscint ina leith.

- **Cearta bunúsacha**

Tá an togra go hiomlán i gcomhréir le **Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh**[12], agus le creataí beartais agus reachtacha ábhartha uile an Aontais i réimse an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe.

Tá coinne ann go gcomhlíonfaidh cathracha na gealltanais a thug siad le linn an phróisis tairisceana agus go n-áiritheoidh siad go leanfar de **Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh** a chomhlíonadh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Maidir leis an gcinneadh seo lena ndéantar Cinneadh Uimh. 445/2014/AE a athnuachan, níl aon impleacht bhuiséadach dhíreach láithreach ag an togra nua seo ón gCoimisiún.

Tá an tréimhse a chumhdaítear leis an togra i gcomhthráth le roinnt creataí airgeadais ilbhliantúla.

I gcás na mblianta tar éis 2033, beidh na gnéithe dlíthiúla agus airgeadais de Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa nasctha go díreach leis na forálacha a áireofar sna creata airgeadais ilbhliantúla a bheidh ann amach anseo. Ar an mbonn sin, déileálfar leo freisin faoi chuimsiú chláir ar leith an Aontais lena dtacaítear leis an gcultúr, leis an gclár nua ‘AgoraEU’ agus lena chomharbaí.

Féach na mionsonraí sa Ráiteas Reachtach Airgeadais agus Digiteach.

---

12 Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, IO C 202, 7.6.2016, lch. 389, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/char_2016/oj

2026/0259 (COD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-athnuaitear gníomhaíocht de chuid an Aontais do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa le haghaidh 2034 go dtí 2047 agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 445/2014/AE**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 167(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé d'aidhm ag an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) aontas buandlúite a chur ar bun idir pobail na hEorpa agus leagann sé de chúram ar an Aontas, *inter alia*, rannchuidiú le borradh chultúir na mBallstát, agus a n-éagsúlacht náisiúnta agus réigiúnach á hurramú agus an chomhoidhreacht chultúrtha á tabhairt chun suntais san am céanna. I ndáil leis sin, tacaíonn agus forlíonann an tAontas, nuair is gá, gníomhaíocht na mBallstát d'fhonn feabhas a chur ar an eolas ar chultúr agus stair na bpobal Eorpach agus d'fhonn é a scaipeadh.

(2) Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Compás Cultúir don Aontas Eorpach'[3] ('Compás Cultúir'), leagtar amach fís straitéiseach an Aontais don bheartas cultúir, lena gcuirtear chun cinn rochtain ar chultúr agus rannpháirtíocht sa chultúr, éagsúlacht chultúrtha agus teanga, comhtháthú agus idirphlé idirchultúrtha, agus ról an chultúir sa chruthaitheacht, sa nuálaíocht, san iomaíochas agus sa chaidreamh idirnáisiúnta á threisiú san am céanna.

(3) Leis an Dearbhú Comhpháirteach 'An Eoraip ar son Cultúir – Cultúr ar son na hEorpa'[4], déantar gealltanas polaitiúil comhroinnte idir an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh d'fhís an Chompáis Cultúir, lena soláthraítear creat straitéiseach ina gcuirtear an cultúr i gcroílár

[1] IO C , , lch. .
[2] IO C , , lch. .
[3] Compás Cultúir don Aontas Eorpach - COM(2025) 785.
[4] IO C, C/2026/3440, 25.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/3440/oj

fhéiniúlacht na hEorpa agus lena gcuirtear i dtábhacht a thábhachtaí atá sé do dhaoine aonair, do phobail agus don Aontas Eorpach.

(4) Coinbhinsiún UNESCO ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn[5], a tháinig i bhfeidhm an 18 Márta 2007, ar páirtí ann an tAontas, tá sé d'aidhm aige an éagsúlacht chultúrtha a chosaint agus a chur chun cinn, an idirchultúrthacht a chothú agus feasacht a ardú faoi luach na héagsúlachta cultúrtha ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

(5) Le Cinneadh Uimh. 445/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014[6], bunaíodh gníomhaíocht de chuid an Aontais do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa le haghaidh 2020 go dtí 2033. Ba cheart an Cinneadh sin a aisghairm. Mar sin féin, ba cheart feidhm a bheith ag a fhorálacha i gcónaí maidir leis na cathracha uile a ainmníodh cheana nó atá á n-ainmniú faoi láthair i gcomhair na mblianta go dtí 2033.

(6) Aithnítear leis an gCompás Cultúir ról athbheochana an chultúir, tar éis 2033, i gcomhthéacsanna uirbeacha agus aithnítear ról Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa maidir le rannchuidiú le claochlú agus athghiniúint cathracha agus réigiún ar fud na hEorpa atá faoi stiúir an chultúir, cuimsitheach, uirbeach agus réigiúnach. Tá sé ina spreagadh don chomhtháthú sóisialta, don fhás eacnamaíoch, don nuálaíocht, don tarraingteacht chríochach agus don fhorbairt inbhuanaithe.

(7) Le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais i réimse an chultúir, ba cheart cur le tionscnaimh atá ann cheana amhail Pleananna Oibre an Aontais don Chultúr ón gComhairle, an Teachtaireacht Chomhpháirteach 'I dTreo Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Caidreamh Cultúrtha Idirnáisiúnta'[7], an creat gníomhaíochta Eorpach um an oidhreacht chultúrtha[8], agus Dearbhú na Róimhe ó mhí an Mhárta 2017[9], agus ailíniú dlúth a dhéanamh le cuspóirí an Chompáis Cultúir don Aontas Eorpach agus leis an Dearbhú Comhpháirteach 'An Eoraip ar son Cultúir – Cultúr ar son na hEorpa'.

(8) Ba cheart Príomhchathracha Cultúir na hEorpa a ailíniú le tionscnaimh Eorpacha ábhartha, amhail Bauhaus Eorpach Nua [10], an Lipéad Oidhreachta Eorpach, Clár Oibre AE le haghaidh na gCathracha[11], an Sciath Eorpach don Daonlathas[12] agus an straitéis um an gcothroime idirghlúine[13]. Leis an Moladh ón gComhairle chuig na Ballstáit maidir le Bauhaus Eorpach Nua a glacadh an 11 Bealtaine 2026, iarrtar ar an gComhairle agus ar Pharlaimint na hEorpa Príomhchathracha Cultúir na hEorpa a neartú sa chaoi go mbeidh sineirgíochtaí ann le luachanna agus prionsabail Bauhaus

---

5 Coinbhinsiún UNESCO ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn.

6 Cinneadh Uimh. 445/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear gníomhaíocht de chuid an Aontais do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa le haghaidh 2020 go 2033 lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1622/2006/CE (IO L 132, 3.5.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/445(1)/oj).

7 Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle 'I dTreo Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Caidreamh Cultúrtha Idirnáisiúnta', JOIN/2016/029 final. EUR-Lex - 52016JC0029 - EN - EUR-Lex.

8 Creat gníomhaíochta Eorpach um an oidhreacht chultúrtha - SWD(2018) 491 final.

9 Dearbhú na Róimhe.

10 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Bauhaus Eorpach Nua - ón bhfís go dtí an cur chun feidhme - COM(2025) 1026 agus Moladh ón gComhairle maidir le Bauhaus Eorpach Nua.

11 Clár Oibre AE le haghaidh na gCathracha:an Fás agus an Rathúnas a Spreagadh (COM(2025)739).

12 An Sciath Eorpach don Daonlathas: Daonlathais Láidre Athléimneacha a Chumhachtú- JOIN(2025) 791.

13 Straitéis um an gcothroime idirghlúine.

Eorpach Nua, ar rud é a thacaíonn le forbairt, claochlú nó athghiniúint comharsanachtaí i gcathracha ar fud na hEorpa ar bhealach inbhuanaithe ionchuimsitheach atá dírithe ar ardchaighdeán a bhaint amach.

(9) Léiríodh sa chéad mheastóireacht eatramhach[14], chomh maith leis an gcomhairliúchán poiblí i samhradh 2024[15], go bhfuil tionscnamh cultúrtha uaillmhianach san Eoraip i gceist le Príomhchathracha Cultúir na hEorpa, agus go bhfuil meas ag muintir na hEorpa orthu. Tar éis 40 bliain, tá Príomhchathracha Cultúir na hEorpa fós ina ngníomhaíocht shuaitheanta rathúil, lena gcuirtear borradh faoi earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, lena n-ardaítear próifíl idirnáisiúnta na gcathracha óstacha agus lena dtacaítear leis an bhforbairt tuaithe agus uirbeach tríd an gcultúr. Is gníomhaíocht chostéifeachtach í lena ndéantar cistiú poiblí agus príobháideach a ghiaráil, agus atá ina catalaíoch le haghaidh forbairt shóisialta agus eacnamaíoch, go háirithe nuair atá sí leabaithe i straitéisí fadtéarmacha áitiúla agus réigiúnacha. Sa chomhthéacs sin, ba cheart leanúint de Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa agus iad a thabhairt cothrom le dáta chun treochtaí atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart gníomhaíocht athnuaite a bhunú don tréimhse tar éis 2033.

(10) Chomh maith le héagsúlacht chultúrtha agus comhoidhreacht chultúrtha na hEorpa a thaispeáint, cuidíonn teideal Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa (‘an teideal’) le cathracha an saol cultúrtha a shaibhriú, earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a neartú, feabhas a chur ar rochtain ar earraí cultúrtha agus infheictheacht na n-earraí sin, tacú le forbairt uirbeach fhadtéarmach, agus muintearas comhroinnte agus idirphlé idirchultúrtha a chothú.

(11) Ba cheart cuspóir na gníomhaíochta a bhunaítear leis an gCinneadh seo a bheith go hiomlán i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár ‘AgoraEU’[16] agus le cuspóirí sonracha na sraithe ‘Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr’ den chlár[17].

(12) Chun cuspóirí na gníomhaíochta a bhaint amach, ba cheart do chathracha ag a bhfuil an teideal nuálaíocht agus acmhainneacht dhigiteach na n-earnálacha cultúir a neartú, naisc láidre a chothú idir an earnáil cultúir agus earnálacha ábhartha eile amhail an t-oideachas, an taighde, an comhshaol, an fhorbairt uirbeach, an spórt agus an turasóireacht chultúrtha inbhuanaithe i gcomhréir leis an Straitéis Eorpach um Thurasóireacht Inbhuanaithe, agus Príomhchathracha Cultúir na hEorpa a úsáid mar chatalaíoch le haghaidh forbairt áitiúil inbhuanaithe, timpeallachtaí uirbeacha sláintiúla glasa[18], agus feabhas a chur ar phróifíl idirnáisiúnta na gcathracha tríd an gcultúr. Ba cheart dóibh freisin cuimsiú sóisialta agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn, feabhas a chur ar rochtain ar an gcultúr agus ar rannpháirtíocht sa chultúr, an rannpháirtíocht daoine is leithne is féidir in ullmhú agus cur chun feidhme an chláir cultúir a áirithiú, go háirithe leanaí, daoine óga, daoine faoi mhíchumas agus daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, agus saoirse ealaíne, éagsúlacht

[14] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an gcéad mheastóireacht eatramhach ar an nGníomhaíocht Príomhchathracha Cultúir na hEorpa 2020-2033 – COM(2025) 587.

[15] Príomhchathracha Cultúir na hEorpa - meastóireacht eatramhach le haghaidh 2024.

[16] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár ‘AgoraEU’ le haghaidh na tréimhse 2028-2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/692 agus (AE) 2021/818 - COM(2025) 550 (faoi réir caibidlíocht leanúnach CAI).

[17] Ainm faoi réir caibidlíocht leanúnach CAI.

[18] Sa chomhthéacs sin, ba cheart sineirgí a spreagadh freisin le tionscnaimh eile de chuid an Aontais lena n-aithnítear an inbhuanaitheacht uirbeach, amhail Gradam do Phríomhchathair Ghlas na hEorpa agus Gradam na Duilleoige Glaise Eorpaí.

léirithe cultúir agus an feabhas ar dhálaí oibre d'ealaíontóirí agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha á n-urramú go hiomlán san am céanna.

(13) Éilíonn gníomhaíocht Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa iarrachtaí móra ó chathracha is iarrthóirí agus ó chathracha is sealbhóirí teidil, lena n-áirítear clár cúltúir ardleibhéil bliana agus pleanáil fhadtéarmach a ullmhú agus a chur ar fáil arb é is aidhm dó oidhreacht mharthanach a fhágáil. Dá bhrí sin, teastaíonn tacaíocht, uirlisí, treoraíocht agus comhairle iomchuí ó chathracha. Ba cheart don Choimisiún gníomhaíochtaí ábhartha a chomhordú chun cuidiú le tionchar marthanach na gníomhaíochta a uasmhéadú.

(14) Ba cheart na comórtais le haghaidh an teidil a reáchtáil gach bliain in dhá Bhallstát éagsúla de réir an fhéilire chroineolaíoch a leagtar amach san Iarscríbhinn ('an féilire'), rud a áiritheoidh dáileadh cothrom Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa ar fud na mBallstát uile. Sna blianta ábhartha, ba cheart an comórtas a bheith oscailte freisin do chathracha i dtíortha CSTE/LEE, i dtíortha is iarrthóirí nó i dtíortha is iarrthóirí ionchasacha ar bhallraíocht san Aontas agus i dtríú tíortha atá nasctha leis an tsraith 'Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr' de chlár AgoraEU nó le cláir de chuid an Aontais ina dhiaidh sin lena dtacaítear leis an gcultúr, ar choinníoll nach bhféadfaidh gach tír incháilithe an teideal a bhaint amach ach aon uair amháin le linn na tréimhse 2034-2047. Is bealach é sin chun iad a thabhairt níos cóngaraí don Aontas trí na gnéithe coiteanna de chultúir na hEorpa a chur i dtábhacht mar a deimhníodh leis an taithí a fuarthas roimhe seo. I gcás *force majeure* nó mhéadú an Aontais, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann an Iarscríbhinn a leasú.

(15) Chun freagairt éifeachtúil thráthúil a áirithiú ar chásanna *force majeure* nó ar mhéadú an Aontais, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn a leasú. Tá sé an-tábhachtach go rachadh an Coimisiún i mbun aon chomhairliúcháin is gá le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[19]. Go sonrach, chun a rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna le saineolaithe na mBallstát, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(16) Ba cheart an teideal a bhronnadh ar chathracha nó ar ghrúpaí trasteorann cathracha, agus orthu sin amháin, gan beann ar a méid. Chun pobal níos mó a shroicheadh agus tionchar an teidil a mhéadú, d'fhéadfadh cathracha ról a thabhairt dá gceantar máguaird.

(17) Ba cheart bronnadh an teidil a bheith bunaithe ar chlár cultúir ag a bhfuil gné láidir Eorpach. Ba cheart clár cultúir den sórt sin a dhearadh go sonrach le haghaidh na bliana teidil agus ba cheart é a bheith ina chuid de straitéis fhadtéarmach.

(18) Ba cheart an próiseas roghnúcháin a eagrú in dhá chéim (réamhroghnú agus roghnú) agus ba cheart do phainéal saineolaithe neamhspleácha é a dhéanamh. Chuir an t-eagrúchán cothrom trédhearcach sin ar a gcumas do chathracha feabhas a chur ar a

19 Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le reachtóireacht níos fearr (IO L 123. 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj).

n-iarratais idir an chéim réamhroghnúcháin agus an chéim roghnúcháin ar bhonn na sainchomhairle a fuair siad ón bpainéal. Thairis sin, chun leanúnachas ghníomhaíocht Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa agus aistriú taithí agus feasa gnó a chosaint, ba cheart saineolaithe nua a chur in ionad na saineolaithe reatha ar bhonn céimnithe.

(19) Ba cheart leanúint de rannpháirtíocht saineolaithe a áirithiú trína chur ar a gcumas do na Ballstáit beirt saineolaithe ar a mhéad a cheapadh ar an bpainéal a dhéanfaidh na nósanna imeachta roghnúcháin agus faireacháin.

(20) Ba cheart do na critéir roghnúcháin treoraíocht a thabhairt do na cathracha is iarrthóirí maidir leis na cuspóirí agus na ceanglais is gá dóibh a chomhlíonadh chun gur féidir an teideal a bhronnadh orthu. Cé gur cheart béim níos láidre a leagan ar an inbhuanaitheacht, ar an bpleanáil fhadtéarmach agus ar an inrochtaineacht dhigiteach, ba cheart an ghné Eorpach a bheith ina critéar uileghabhálach mar a moladh sa chéad mheastóireacht eatramhach ar Ghníomhaíocht Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa 2020-2033.

(21) Ba cheart do chathracha is iarrthóirí féachaint an féidir, más infheidhme, tacaíocht airgeadais a fháil ó chláir agus cistí ábhartha eile de chuid an Aontais, go háirithe an clár AgoraEU agus an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, trí na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, chomh maith le cláir ina dhiaidh sin.

(22) Maidir le rath a bheith ar Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa, tá an chéim ullmhúcháin idir tráth ainmnithe cathrach agus bliain an teidil ríthábhachtach. Léiríodh sna meastóireachtaí agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara go raibh na bearta tacaíochta faoi chreataí dlíthiúla roimhe seo an-luachmhar agus gur cheart iad a fhorbairt agus a chomhordú a thuilleadh i measc cathracha ag a raibh an teideal roimhe seo, ag a bhfuil an teideal faoi láthair agus ag a mbeidh an teideal amach anseo chomh maith le cathracha is iarrthóirí, in éineacht leis an gCoimisiún Eorpach, rud a thacaíonn le líonra cathracha chun taithí agus eolas a mhalartú.

(23) Tá mórluach siombalach ag teideal Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa agus ag duais Melina Mercouri, ar cheart iad a íoc in dhá íocaíocht. Tá coinne ann go gcomhlíonfaidh cathracha is sealbhóirí teidil na gealltanais a thug siad le linn an phróisis tairisceana agus go n-áiritheoidh siad go leanfar de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh[20]. Dá bhrí sin, ba cheart bronnadh an teidil agus na duaise a bheith faoi réir coinníollacha diana soiléire, agus ba cheart creat a thabhairt isteach freisin lena mbaint, más gá, nuair nach gcomhlíonann sealbhóir teidil na critéir a thuilleadh nó nuair nach gcomhlíonann sé an tionscadal agus an plean oibre a cuireadh isteach ina iarratas a thuilleadh.

(24) Ba cheart do na cathracha is sealbhóirí teidil a áirithiú, ó thráth a n-ainmnithe go dtí deireadh bhliain an teidil, go dtaispeánfar suaitheantas an Aontais go soiléir ar na himeachtaí, gníomhaíochtaí agus ábhair chumarsáide uile mar aon le lógó coiteann Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa agus, más infheidhme, bratach an Aontais. Ba cheart dóibh a aithint i gcónaí gur gníomhaíocht í Príomhchathracha Cultúir na hEorpa a chistíonn an tAontas Eorpach, le rannpháirtíocht shoiléir ón gCoimisiún Eorpach.

(25) Ba cheart do na cathracha féin leanúint de bheith ina bpríomhghníomhaithe sa phróiseas meastóireachta, chun bailiú sonraí príomhúla ábhartha ar an leibhéal áitiúil a áirithiú, go háirithe i ndáil le tionchar an teidil.

[20] Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(26) Maidir le cuspóirí an Chinnidh seo, is é sin éagsúlacht na gcultúr san Eoraip a chosaint agus a chur chun cinn, na tréithe coiteanna comhroinnte a chur i dtábhacht, agus rannchuidiú an chultúir le forbairt fhadtéarmach cathracha a chothú, ní féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a ghnóthú go leordhóthanach i bhfianaise an ghá atá, go háirithe, le critéir choiteanna shoiléire thrédhearcacha, le nósanna imeachta roghnúcháin agus faireacháin, agus le comhordú daingean idir na Ballstáit, ach toisc fairsinge nó éifeachtaí tuartha na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Cinneadh seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**An ghníomhaíocht a athnuachan**

Athnuaitear leis seo gníomhaíocht de chuid an Aontais dar teideal 'Príomhchathracha Cultúir na hEorpa' le haghaidh 2034 go dtí 2047 ('an ghníomhaíocht').

*Airteagal 2*

**Cuspóirí**

1. Is iad seo a leanas cuspóirí ginearálta na gníomhaíochta:

(a) éagsúlacht na gcultúr san Eoraip a chosaint agus a chur chun cinn agus na tréithe atá i bpáirt acu a chur i dtábhacht mar aon le muintearas i measc phobail na hEorpa le limistéar cultúrtha comhchoiteann a threisiú agus na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe a chur chun cinn;

(b) rannchuidiú an chultúir le forbairt inbhuanaithe chuimsitheach cathracha a chothú, i gcomhréir lena straitéisí agus lena dtosaíochtaí ar leith agus a saol cultúrtha a shaibhriú, a n-éiceachórais chultúir agus chruthaitheacha a neartú, agus feabhas a chur ar infheictheacht, inrochtaineacht agus éagsúlacht a n-earraí cultúrtha, a n-oidhreachta cultúrtha agus a léirithe cultúir.

2. Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha na gníomhaíochta:

(a) feabhas a chur ar raon, éagsúlacht agus gné Eorpach na n-imeachtaí cultúrtha i gcathracha, lena n-áirítear tríd an gcomhar trasnáisiúnta, rud a ardaíonn próifíl idirnáisiúnta na gcathracha.

(b) feabhas a chur ar rochtain ar an gcultúr, ar na healaíona agus ar an oidhreacht chultúrtha do chách agus feabhas a chur ar an rannpháirtíocht iontu, go háirithe do dhaoine óga, agus comhtháthú sóisialta, cothroime idirghlúine, comhionannas agus éagsúlacht a neartú, trí rannpháirtíocht chultúrtha.

(c) nuálaíocht agus acmhainneacht dhigiteach na hearnála cultúir áitiúla a neartú, agus a comhar le hearnálacha eile.

*Airteagal 3*

**Rochtain ar an ngníomhaíocht**

1. Beidh an comórtas le haghaidh an teidil oscailte do chathracha nó do ghrúpaí (trasteorann) cathracha (tuigtear an dá cheann mar 'chathair/cathracha' anseo feasta) a bhféadfadh na limistéir máguaird a bheith i gceist leo.

2. Ní bheidh an teideal ag níos mó ná trí chathair gach bliain ('bliain an teidil').

Bronnfar an teideal ar aon chathair amháin gach bliain, ar a mhéad, i ngach ceann den dá Bhallstát atá luaite san fhéilire a leagtar amach san Iarscríbhinn ('an féilire'). Sna blianta ábhartha, bronnfar é freisin ar aon chathair amháin ó thír de chuid Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar páirtí í sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('tír CSTE/LEE'), ó thír is iarrthóir nó ó thír is iarrthóirí ionchasach ar bhallraíocht san Aontas Eorpach, nó ó thríú tír atá comhlachaithe leis an tsraith 'Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr' de chlár AgoraEU nó le cláir de chuid an Aontais ina dhiaidh sin lena dtacaítear leis an gcultúr, nó aon chathair amháin ó thír a aontaíonn leis an Aontas sna himthosca a leagtar amach i mír 5. I gcás *force majeure* nó mhéadú an Aontais, féadfaidh an Coimisiún an Iarscríbhinn a leasú trí bhíthin gníomh tarmligthe.

3. Beidh cathracha sna Ballstáit i dteideal an teideal a bheith acu ar feadh 1 bhliana i gcomhréir le hord na mBallstát atá luaite san fhéilire. I gcásanna *force majeure* ag a bhfuil tionchar ar chathair ainmnithe agus a chuireann moill ar thús gníomhaíochtaí a bliana teidil, ceadófar don chathair atá i gceist an bhliain a chur siar tar éis iarraidh i scríbhinn ón tír lena mbaineann a chur chuig an gCoimisiún, arb é a leasóidh an Iarscríbhinn trí bhíthin gníomh tarmligthe.

4. Féadfaidh cathracha i dtíortha CSTE/LEE, i dtíortha is iarrthóirí nó i dtíortha is iarrthóirí ionchasacha ar bhallraíocht san Aontas nó tríú tíortha atá comhlachaithe leis an tsraith 'Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr' de chlár AgoraEU nó le cláir de chuid an Aontais ina dhiaidh sin lena dtacaítear leis an gcultúr, ó dháta foilsithe an ghlao ar iarratais a chur isteach dá dtagraítear in Airteagal 10(2), féadfaidh siad cur isteach ar an teideal i gcomhair 1 bhliana faoi chuimsiú comórtas oscailte arna eagrú i gcomhréir leis an bhféilire.

Ní cheadófar do gach tír CSTE/LEE, tír is iarrthóir nó tír is iarrthóir ionchasach ar bhallraíocht san Aontas Eorpach nó tríú tír atá comhlachaithe leis an tsraith 'Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr' de chlár AgoraEU nó le cláir de chuid an Aontais ina dhiaidh sin lena dtacaítear leis an gcultúr an teideal a óstáil ach aon uair amháin le linn na tréimhse ó 2034 go 2047.

5. I gcás ina n-aontóidh tír leis an Aontas tar éis [*1 lá amháin tar éis a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*] ach roimh an 1 Eanáir 2041, d'fhéadfadh sí a bheith i dteideal an teideal a óstáil 7 mbliana tar éis a haontachais i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis na Ballstáit, ag brath ar an líon tíortha a aontaíonn leis an Aontas an tráth céanna. Tabharfar an féilire cothrom le dáta dá réir sin trí bhíthin gníomh tarmligthe ón gCoimisiún. I gcás ina n-aontóidh tír leis an Aontas an 1 Eanáir 2041, nó ina dhiaidh sin, ní bheidh sí i dteideal páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht ina cáil mar Bhallstát.

Os a choinne sin, i gcás blianta ina mbeidh an teideal ag trí chathair cheana féin i gcomhréir leis an bhféilire, ní bheidh cathracha i dtíortha dá dtagraítear sa chéad fhomhír i dteideal an teideal a bheith acu ach amháin sa chéad bhliain eile atá ar fáil san fhéilire, in ord aontachais na dtíortha sin.

I gcás ina mbeidh cathair i dtír dá dtagraítear sa chéad fhomhír tar éis páirt a ghlacadh i gcomórtas dírithe ar thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha, ní fhéadfaidh sí páirt a ghlacadh in aon chomórtas ina dhiaidh sin atá dírithe ar Bhallstáit. I gcás ina n-ainmneofar, i rith na tréimhse ó 2034 go 2047, cathair i dtír díobh sin thuasluaite chun an teideal a bheith aici i gcomhréir le mír 4, ní bheidh an tír sin i dteideal, i ndiaidh a haontachais, comórtas a reáchtáil mar Bhallstát i rith na tréimhse sin.

I gcás ina n-aontóidh níos mó ná tír amháin leis an Aontas ar an dáta céanna agus i gcás nach mbeidh comhaontú idir na tíortha sin faoi ord na rannpháirtíochta sa ghníomhaíocht, déanfaidh an Chomhairle tarraingt a reáchtáil.

6. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 18 maidir le leasuithe ar an Iarscríbhinn.

*Airteagal 4*

**Iarratas**

1. Cuirfidh an Coimisiún foirm iarratais chomhchoiteann bunaithe ar na critéir a leagtar síos in Airteagal 5 ar fáil agus bainfidh na cathracha uile is iarrthóirí úsáid aisti.

I gcás ina dtabharfaidh cathair is iarrthóir ról don cheantar máguaird, is faoi ainm na cathrach sin a dhéanfar an t-iarratas. I gcás ina ndéanfaidh grúpa cathracha iarratas, déanfar an t-iarratas faoi ainm na cathrach tosaigh sa Bhallstát lena mbaineann.

2. Beidh gach iarratas bunaithe ar chlár cultúir ina bhfuil gné láidir Eorpach, urraim á tabhairt do shaoirse ealaíne agus d'éagsúlacht léirithe cultúir, agus beidh sé ina rannchuidiú le feabhas a chur ar dhálaí oibre le haghaidh ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha.

Cuimseoidh an clár cultúir bliain an teidil agus cruthófar é go sonrach le haghaidh an teidil, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 5.

*Airteagal 5*

**Critéir**

Déanfar measúnú ar iarratais bunaithe ar na critéir seo a leanas, agus áireofar gné láidir Eorpach sna critéir uile. Soláthróidh an Coimisiún treoirlínte maidir le sainiú agus tuiscint na gcritéar sin, go háirithe maidir leis an ngné Eorpach, agus sineirgí le tionscnaimh ábhartha amhail Bauhaus Eorpach Nua á gcur san áireamh. Is iad seo a leanas na critéir chun measúnú a dhéanamh ar iarratas:

(a) straitéis agus oidhreacht fhadtéarmach;

(b) ábhar cultúrtha agus ealaíne;

(c) for-rochtain, cumarsáid agus rannpháirtíocht na saoránach;

(d) bainistiú agus cumas torthaí a bhaint amach.

(1) a mhéid a bhaineann leis an gcatagóir 'straitéis agus oidhreacht fhadtéarmach', cuirfear na tosca seo a leanas san áireamh:

(a) straitéis chultúrtha a bheith ann, a chumhdaíonn, tráth an iarratais, an ghníomhaíocht agus a áiríonn pleananna le haghaidh na hoidhreachta tar éis bhliain an teidil;

(b) na pleananna chun acmhainneacht earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a threisiú, lena n-áirítear comhar fadtéarmach a fhorbairt idir earnáil an chultúir, an earnáil shocheacnamaíoch agus an earnáil shóisialta, agus béim ar leith á leagan ar dhálaí oibre ealaíontóirí;

(c) an tionchar fadtéarmach cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíoch atá beartaithe, lena n-áirítear i dtéarmaí forbairt inbhuanaithe, uirbeach agus, más infheidhme, forbairt tuaithe, a bheadh ag an teideal;

(d) na pleananna chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an teidil, agus chun torthaí na meastóireachta a scaipeadh ar an leibhéal Eorpach.

(2) a mhéid a bhaineann leis an gcatagóir 'ábhar cultúrtha agus ealaíne', déanfar measúnú ar na tosca seo a leanas:

(a) fís agus straitéis ealaíne shoiléir chomhleanúnach don chlár cultúir: éagsúlacht chultúrtha agus teanga na hEorpa agus saoirse ealaíne a chur chun cinn;

(b) rannpháirtíocht ealaíontóirí, eagraíochtaí cultúrtha agus cónaitheoirí áitiúla agus Eorpacha, lena n-áirítear daoine óga, i ndearadh agus cur chun feidhme an chláir cultúir,

(c) an comhar le cathracha i dtíortha éagsúla san Eoraip, agus le cathracha ag a bhfuil an teideal sa bhliain chéanna;

(d) raon agus cáilíocht ealaíne fhoriomlán na ngníomhaíochtaí, lena gcuirtear i dtábhacht na gnéithe coiteanna de chultúir, oidhreacht agus stair na hEorpa, mar aon le lánpháirtíocht Eorpach agus téamaí Eorpacha reatha;

(e) an acmhainneacht an oidhreacht chultúrtha agus foirmeacha traidisiúnta ealaíne a chomhcheangal le léirithe cultúir digiteacha nua, nuálacha agus turgnamhacha, lena gcothaítear modhanna nua rannpháirtíochta fisicí agus digití.

(3) a mhéid a bhaineann leis an gcatagóir 'for-rochtain, cumarsáid agus rannpháirtíocht na saoránach', déanfar measúnú ar na tosca seo a leanas:

(a) rannpháirtíocht fhóinteach na bpobal éagsúil áitiúil agus na sochaí sibhialta in ullmhú an iarratais agus i gcur chun feidhme na gníomhaíochta;

(b) deiseanna nua agus cuimsitheacha a chruthú, lena n-áirítear deiseanna digiteacha, do raon leathan áitritheoirí, lena n-áirítear iad siúd ó limistéir fhorimeallacha agus cuairteoirí, chun freastal ar ghníomhaíochtaí cultúrtha, rochtain a fháil orthu nó páirt a ghlacadh iontu – go háirithe leanaí agus daoine óga - agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine scothaosta a mhéid a bhaineann le hinrochtaineacht na ngníomhaíochtaí sin;

(c) an straitéis fhoriomlán le haghaidh forbairt lucht féachana, lena gcuirtear i dtábhacht an nasc le hoideachas agus le rannpháirtíocht na scoileanna agus na n-institiúidí ardoideachais;

(d) straitéis chuimsitheach mhargaíochta agus chumarsáide, lena músclaítear suim pobail leathain áitiúil, Eorpaigh agus idirnáisiúnta agus lena gcuirtear i dtábhacht gur gníomhaíocht de chuid an Aontais í an ghníomhaíocht trí úsáid a bhaint as lógó agus líne lipéid choiteann Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa.

(4) a mhéid a bhaineann leis an gcatagóir 'bainistiú agus cumas torthaí a bhaint amach', déanfar measúnú ar na tosca seo a leanas:

(a) a indéanta atá an straitéis tiomsaithe airgid agus an buiséad atá beartaithe lena n-áirítear, más infheidhme, pleananna chun tacaíocht airgeadais a lorg ó chláir agus ó chistí de chuid an Aontais agus lena gcumhdaítear an chéim ullmhúcháin, bliain an teidil, meastóireacht ar na gníomhaíochtaí fadtionchair, agus pleanáil theagmhasach;

(b) an struchtúr rialachais agus seachadta atá beartaithe agus ina bhfuil foireann ag a bhfuil na scileanna is gá le haghaidh chur chun feidhme inbhuanaithe na gníomhaíochta, lena gcumasaítear comhar éifeachtúil idir na húdaráis áitiúla agus an struchtúr seachadta, lena n-áirítear an fhoireann ealaíne;

(c) na nósanna imeachta maidir le ceapadh na stiúrthóirí ginearálta agus ealaíne agus maidir lena réimsí gníomhaíochta;

(d) tacaíocht fhorleathan don iarratas agus gealltanas inbhuanaithe airgeadais ó na húdaráis áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta;

(e) go bhfuil, nó go mbeidh, ag an gcathair is iarrthóir bonneagar leordhóthanach inmharthana chun an teideal a bheith aici.

*Airteagal 6*

**Painéal saineolaithe**

1. Bunófar painéal saineolaithe neamhspleácha (‘an painéal’) chun na nósanna imeachta roghnúcháin agus faireacháin a chur i gcrích.

2. Beidh ar an bpainéal 12 shaineolaí a cheapfaidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais (‘na saineolaithe Eorpacha’) i gcomhréir le mír 3.

3. Molfaidh an Coimisiún líon saineolaithe féideartha Eorpacha bunaithe ar ghlao oscailte ar léirithe spéise.

Ceapfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún triúr saineolaithe an ceann, i gcomhréir lena nósanna imeachta ar leith, agus ainmneoidh siad triúr saineolaithe eile an ceann mar chúltaca.

Ceapfaidh Coiste Eorpach na Réigiún agus Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa saineolaí amháin an ceann, i gcomhréir lena nósanna imeachta ar leith, agus ainmneoidh siad saineolaí amháin an ceann mar chúltaca.

Ina theannta sin, roghnóidh an Coimisiún saineolaí amháin ón Líonra Óg-Ambasadóirí Cultúrtha[21] agus ainmneoidh sé saineolaí amháin mar chúltaca, i gcomhréir lena nós imeachta.

Agus saineolaithe Eorpacha á roghnú ag na hinstitiúidí agus na comhlachtaí sin de chuid an Aontais, féachfaidh gach ceann acu le scileanna comhlántacha, dáileadh geografach cothrom, cothromaíocht inscne agus éagsúlacht cúlraí a áirithiú chun na hábhair imní atá ag sochaithe Eorpacha éagsúla a léiriú i gcomhdhéanamh foriomlán an phainéil.

4. Sa bhreis ar na saineolaithe Eorpacha, i dtaca le cathair ó Bhallstát a roghnú agus faireachán a dhéanamh uirthi, beidh an Ballstát lena mbaineann i dteideal suas le beirt saineolaithe a cheapadh ar an bpainéal i gcomhréir lena nósanna imeachta féin agus i gcomhairle leis an gCoimisiún. Beidh an Ballstát lena mbaineann freagrach as conradh a dhéanamh leis an mbeirt saineolaithe sin. Níl feidhm aige sin maidir le comórtais i gcás tríú tíortha.

[21] Is tionscnamh é seo ón gCompás Cultúir don Aontas Eorpach atá á fhorbairt faoi láthair.

5. Maidir leis na saineolaithe uile:

(a) beidh siad ina saoránaigh den Aontas Eorpach agus ina gcónaitheoirí ann;

(b) beidh siad neamhspleách;

(c) beidh cuid mhór taithí agus saineolais acu sna réimsí seo a leanas:

(i) i gceann d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta ar a laghad;

(ii) forbairt chultúrtha cathracha; nó

(iii) imeacht a bhaineann le Príomhchathracha Cultúir na hEorpa a eagrú nó imeacht cultúrtha idirnáisiúnta a bhfuil raon feidhme agus scála comhchosúil aige; nó

(iv) turasóireacht chultúrtha a chur chun cinn agus a bhainistiú.

(d) beidh siad in ann roinnt laethanta oibre in aghaidh na bliana a chaitheamh ar an bpainéal lena n-áirítear turais (thart ar 30 go 40 lá).

6. Beidh na comhaltaí den phainéal i dteideal luach saothair as a seirbhísí, chomh maith le híocaíocht na gcostas uile a bhaineann go díreach le comhlíonadh a ndualgas faoin sainordú seo.

Beidh an luach saothair agus na costais sin iníoctha ar feadh thréimhse iomlán a gceaptha.

Gheobhaidh na comhaltaí uile den phainéal luach saothair comhionann, gan beann ar an institiúid a cheap iad.

7. Ainmneoidh an painéal a chathaoirleach féin.

8. Ceapfar na saineolaithe Eorpacha ar feadh tréimhse 3 bliana.

Mar sin féin, a mhéid a bhaineann le bunú tosaigh an phainéil faoin gCinneadh sin, ceapfaidh Parlaimint na hEorpa a saineolaithe ar feadh 3 bliana, ceapfaidh an Coimisiún iad ar feadh 2 bhliain agus ceapfaidh an Chomhairle, Coiste Eorpach na Réigiún agus Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa iad ar feadh 1 bhliana amháin ionas go gcoinneofar an saineolas ar bun d'ainneoin uainíocht thráthrialta an phainéil saineolaithe.

9. Má éiríonn saineolaí as oifig nó mura bhfuil sé in ann a chúraimí a chur i gcrích roimh dheireadh a shainordaithe, nó má fhoirceannann an Coimisiún Eorpach a chonradh, cuirfear saineolaí cúltaca in ionad an tsaineolaí sin ar feadh na tréimhse atá fágtha den sainordú.

10. Dearbhóidh gach saineolaí aon choinbhleacht leasa iarbhír nó fhéideartha i ndáil le cathair shonrach is iarrthóir. I gcás dearbhú den sórt sin, nó i gcás ina dtiocfaidh coinbhleacht leasa den sórt sin chun solais, éireoidh an saineolaí lena mbaineann as oifig agus cuirfidh institiúid nó comhlacht ábhartha an Aontais nó an Ballstát ábhartha saineolaí eile ina ionad ar feadh na tréimhse atá fágtha den sainordú, i gcomhréir le mír 9.

*Airteagal 7*

**Iarratais a chur isteach sna Ballstáit**

1. I gcomhréir leis an bhféilire a leagtar amach san Iarscríbhinn, beidh gach Ballstát freagrach as an gcomórtas a eagrú idir a chathracha.

2. Foilseoidh na Ballstáit lena mbaineann glao ar iarratais a chur isteach 6 bliana ar a laghad roimh bhliain an teidil.

Beidh i ngach glao ar iarratais a chur isteach an fhoirm iarratais dá dtagraítear in Airteagal 4(1).

An sprioc-am do chathracha is iarrthóirí le haghaidh iarratais a chur isteach faoi gach glao ar iarratais a dhéanamh, déanfar é a sceidealú ar a luaithe 10 mí tar éis a fhoilsithe sin.

3. Tabharfaidh na Ballstáit lena mbaineann fógra don Choimisiún faoi na hiarratais.

*Airteagal 8*

**Réamhroghnú sna Ballstáit**

1. Tionólfaidh gach Ballstát lena mbaineann an painéal le haghaidh cruinniú réamhroghnúcháin leis na cathracha is iarrthóirí tráth nach déanaí ná 5 bliana roimh bhliain an teidil.

2. Tar éis don phainéal measúnú a dhéanamh ar na hiarratais i gcomhréir leis na critéir, tiocfaidh sé ar chomhaontú maidir le gearrliosta de chathracha is iarrthóirí agus eiseoidh sé tuarascáil réamhroghnúcháin ar na hiarratais uile ina mbeidh, *inter alia*, moltaí faoi na cathracha is iarrthóirí a bheidh ar an ngearrliosta sin.

3. Cuirfidh an painéal an tuarascáil réamhroghnúcháin faoi bhráid na mBallstát lena mbaineann agus faoi bhráid an Choimisiúin.

4. Déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann an gearrliosta a fhormheas go foirmiúil ar bhonn thuarascáil an phainéil.

*Airteagal 9*

**Roghnú sna Ballstáit**

1. Ar bhonn na moltaí a leagtar síos sa tuarascáil réamhroghnúcháin, déanfaidh na cathracha is iarrthóirí a bheidh ar an ngearrliosta a n-iarratais a líonadh isteach agus a athbhreithniú d’fhonn na critéir a chomhlíonadh. Cuirfidh siad faoi bhráid an Bhallstáit lena mbaineann iad, agus tarchuirfidh an Ballstát sin chuig an gCoimisiún iad ina dhiaidh sin.

2. Tionólfaidh gach Ballstát lena mbaineann an painéal le haghaidh cruinniú roghnúcháin leis na cathracha is iarrthóirí a bheidh ar an ngearrliosta tráth nach déanaí ná 9 mí tar éis an chruinnithe réamhroghnúcháin.

I gcás inar gá, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann, i gcomhairle leis an gCoimisiún, síneadh a chur leis an sprioc-am 9 mí sin go ceann tréimhse réasúnta.

3. Déanfaidh an painéal na hiarratais chomhlánaithe agus athbhreithnithe a mheasúnú.

4. Eiseoidh an painéal tuarascáil roghnúcháin ar iarratais na gcathracha is iarrthóirí a bheidh ar an ngearrliosta mar aon le moladh go n-ainmneofar, ar a mhéad, aon chathair amháin sa Bhallstát lena mbaineann.

Beidh sa tuarascáil roghnúcháin freisin moltaí don chathair bhuaiteach maidir leis an dul chun cinn a bheidh le déanamh aici faoi bhliain an teidil.

Cuirfidh an painéal an tuarascáil roghnúcháin faoi bhráid an Bhallstáit lena mbaineann agus faoi bhráid an Choimisiúin.

5. D’ainneoin mhír 4, mura gcomhlíonfaidh aon cheann de na cathracha is iarrthóirí na critéir uile, féadfaidh an painéal a mholadh nár cheart an teideal a bhronnadh don bhliain i dtrácht.

*Airteagal 10*

**Foráil maidir le tíortha CSTE/LEE, tíortha is iarrthóirí nó tíortha is iarrthóirí ionchasacha ar bhallraíocht san Aontas agus tríú tíortha atá comhlachaithe leis an tsraith 'Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr' de chlár AgoraEU nó le cláir de chuid an Aontais ina dhiaidh sin lena dtacaítear leis an gcultúr**

1. Beidh an Coimisiún freagrach as an gcomórtas a eagrú idir cathracha i dtíortha CSTE/LEE, i dtíortha is iarrthóirí nó i dtíortha is iarrthóirí ionchasacha ar bhallraíocht san Aontas agus i dtríú tíortha atá comhlachaithe leis an tsraith 'Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr' de chlár AgoraEU nó le cláir de chuid an Aontais ina dhiaidh sin lena dtacaítear leis an gcultúr (dá ngairtear comórtais i gcás tríú tíortha).

2. Foilseoidh an Coimisiún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* glao ar iarratais a chur isteach 6 bliana ar a laghad roimh bhliain an teidil. Beidh i ngach glao ar iarratais a chur isteach an fhoirm iarratais dá dtagraítear in Airteagal 4(1). Déanfar an sprioc-am le haghaidh iarratais a chur isteach faoi gach glao ar iarratais a dhéanamh, déanfar é a sceidealú ar a luaithe 10 mí tar éis a fhoilsithe sin.

3. Déanfaidh an painéal na cathracha a réamhroghnú 5 bliana ar a laghad roimh bhliain an teidil, ar bhonn a n-iarratais faoi seach. Ní eagrófar aon chruinniú leis na cathracha is iarrthóirí.

Tar éis don phainéal measúnú a dhéanamh ar na hiarratais i gcomhréir leis na critéir, tiocfaidh sé ar chomhaontú maidir le gearrliosta de chathracha is iarrthóirí agus eiseoidh sé tuarascáil réamhroghnúcháin ar na hiarratais uile ina mbeidh, *inter alia*, moltaí faoi na cathracha is iarrthóirí a bheidh ar an ngearrliosta sin. Cuirfidh an painéal an tuarascáil réamhroghnúcháin faoi bhráid an Choimisiúin.

4. Déanfaidh na cathracha is iarrthóirí a bheidh ar an ngearrliosta a n-iarratais a líonadh isteach agus a athbhreithniú d'fhonn na critéir a chomhlíonadh, agus na moltaí atá sa tuarascáil réamhroghnúcháin á gcur san áireamh, agus cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin iad.

Tionólfaidh an Coimisiún an painéal le haghaidh cruinniú roghnúcháin leis na cathracha is iarrthóirí a bheidh ar an ngearrliosta tráth nach déanaí ná 9 mí tar éis an chruinnithe réamhroghnúcháin.

Más gá, féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur leis an sprioc-am 9 mí sin go ceann tréimhse réasúnta.

5. Déanfaidh an painéal na hiarratais chomhlánaithe agus athbhreithnithe a mheasúnú.

6. Eiseoidh an painéal tuarascáil roghnúcháin ar iarratais na gcathracha is iarrthóirí a bheidh ar an ngearrliosta mar aon le moladh go n-ainmneofar, ar a mhéad, aon chathair amháin i dtír amháin de chuid CSTE/LEE, i dtír is iarrthóir nó i dtír is iarrthóir ionchasach ar bhallraíocht san Aontas, nó i dtríú tír atá comhlachaithe leis an tsraith 'Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr' de chlár AgoraEU nó le cláir de chuid an Aontais ina dhiaidh sin lena dtacaítear leis an gcultúr.

Beidh sa tuarascáil roghnúcháin freisin moltaí don chathair lena mbaineann maidir leis an dul chun cinn a bheidh le déanamh aici faoi bhliain an teidil.

Cuirfidh an painéal an tuarascáil roghnúcháin faoi bhráid an Choimisiúin.

7. D'ainneoin mhír 6, mura gcomhlíonfaidh aon cheann de na cathracha is iarrthóirí na critéir uile, féadfaidh an painéal a mholadh nár cheart an teideal a bhronnadh don bhliain i gceist.

*Airteagal 11*

**Ainmniúchán**

1. Ainmneoidh gach Ballstát lena mbaineann aon chathair amháin chun an teideal a bheith aici, ar bhonn na moltaí a bheidh i dtuarascáil roghnúcháin an phainéil, agus tabharfaidh an Ballstát fógra do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste Eorpach na Réigiún faoin ainmniú sin, tráth nach déanaí ná 4 bliana roimh bhliain an teidil.

2. I gcás thíortha CSTE/LEE, tíortha is iarrthóirí nó tíortha is iarrthóirí ionchasacha ar bhallraíocht san Aontas, nó tríú tíortha atá comhlachaithe leis an tsraith 'Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr' de chlár AgoraEU nó le cláir de chuid an Aontais ina dhiaidh sin lena dtacaítear leis an gcultúr, ainmneoidh an Coimisiún aon chathair amháin chun an teideal a bheith aici sna blianta ábhartha, ar bhonn na moltaí a bheidh i dtuarascáil roghnúcháin an phainéil. Tráth nach déanaí ná 4 bliana roimh bhliain an teidil, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste Eorpach na Réigiún faoin ainmniú sin.

3. Beidh bonn cirt bunaithe ar thuarascálacha an phainéil ag gabháil leis na hainmniúcháin dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2.

4. I gcás ina dtabharfaidh cathair ról don cheantar máguaird, beidh feidhm ag an ainmniúchán maidir leis an gcathair.

5. Laistigh de 2 mhí tar éis fhógra na n-ainmniúchán, foilseoidh an Coimisiún liosta de na cathracha ainmnithe mar Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa i Sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 12*

**Comhar idir na cathracha ainmnithe**

Maidir le cathracha atá ainmnithe don bhliain chéanna, don bhliain roimhe sin agus don bhliain ina dhiaidh sin, féachfaidh siad le naisc a chruthú idir a gcláir chultúir agus féadfar comhar den sórt sin a mheas faoi chuimsiú an nós imeachta faireacháin a leagtar síos in Airteagal 13.

*Airteagal 13*

**Faireachán**

1. Déanfaidh an painéal faireachán ar ullmhúchán na gcathracha ainmnithe do bhliain an teidil agus tabharfaidh sé tacaíocht agus treoraíocht dóibh ó thráth a n-ainmnithe go dtí deireadh bhliain an teidil.

2. Chuige sin, tionólfaidh an Coimisiún ceithre chruinniú faireacháin ar a bhfreastalóidh an painéal agus na cathracha ainmnithe, go hidéalach:

(a) 6 mhí go 9 mí tar éis ainmniú na cathrach;

(b) 18 mí roimh bhliain an teidil;

(c) 6 mhí roimh bhliain an teidil;

(d) 1 bhliain amháin tar éis bhliain an teidil.

Maidir leis an mBallstát nó tír CSTE/LEE, an tír is iarrthóir nó an tír is iarrthóir ionchasach ar leith nó an tríú tír atá comhlachaithe leis an tsraith 'Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr' de chlár AgoraEU nó le cláir de chuid an Aontais ina dhiaidh sin lena dtacaítear leis an gcultúr, féadfaidh siad breathnóir a ainmniú chun freastal ar na cruinnithe sin.

Cuirfidh na cathracha ainmnithe tuarascálacha ar dhul chun cinn faoi bhráid an Choimisiúin 2 sheachtain roimh gach cruinniú faireacháin.

Le linn na gcruinnithe faireacháin, déanfaidh an painéal na hullmhúcháin agus pleanáil oidhreachta a mheas agus tabharfaidh sé comhairle d'fhonn cuidiú leis na cathracha ainmnithe clár cultúir ardcháilíochta ag a bhfuil gné láidir Eorpach agus straitéis éifeachtach a fhorbairt chun an sprioc sin a bhaint amach. Tabharfaidh an painéal aird ar leith ar na moltaí a leagtar síos sa tuarascáil roghnúcháin agus in aon tuarascáil faireacháin roimhe sin dá dtagraítear i mír 3.

3. Tar éis gach cruinnithe faireacháin, eiseoidh an painéal tuarascáil faireacháin faoi staid na n-ullmhúchán, faoin bpleanáil oidhreachta agus faoi aon bheart a bheidh le déanamh.

Tarchuirfidh an painéal a thuarascálacha faireacháin chuig an gCoimisiún. Maidir le comórtais sna Ballstáit, seolfaidh an Coimisiún iad chuig an mBallstát ar leith atá freagrach as na tuarascálacha sin a sheoladh chuig na cathracha ainmnithe. Maidir le comórtais le haghaidh tríú tíortha, seolfaidh an Coimisiún na tuarascálacha faireacháin sin go díreach chuig na cathracha ainmnithe.

4. I dteannta na gcruinnithe faireacháin, féadfaidh an Coimisiún cuairteanna ar na cathracha ainmnithe a eagrú don phainéal de réir mar is gá. D'fhéadfaí na cuairteanna sin a dhéanamh go fíorúil más gá.

*Airteagal 14*

**An teideal a tharraingt siar**

1. Más rud é, tar éis cruinniú faireacháin nó aon chuairt bhreise mar a leagtar síos in Airteagal 13(4), go suíonn an painéal gur theip go substaintiúil ar shealbhóir teidil ceann de na nithe seo a leanas a dhéanamh: (i) comhlíonfaidh sé na critéir ar ar a mbonn a ainmníodh é nó ii) comhlíonfaidh sé an tionscadal agus an plean oibre a cuireadh isteach ina iarratas, tionscnóidh sé idirphlé leis an mBallstát lena mbaineann tríd an gCoimisiún, d'fhonn na coigeartuithe is gá a éascú.

2. Mura bhfuil na coigeartuithe is gá curtha i gcrích go tráthúil, tabharfaidh an painéal fógra don Choimisiún faoi sin. Beidh ráiteas ar chúiseanna ag gabhail leis an bhfógra sin agus beidh moltaí praiticiúla sa ráiteas ar an gcaoi ar féidir feabhas a chur ar an gcás.

3. Mura bhfuil na moltaí praiticiúla curtha chun feidhme go tráthúil, eiseoidh an painéal tuairim don Choimisiún maidir leis an teideal a tharraingt siar ón gcathair ábhartha.

4. I gcás cathair Bhallstát, iarrfaidh an Coimisiún ar an mBallstát an teideal a tharraingt siar ag féachaint go cuí don tuairim dá dtagraítear i mír 3. Tabharfaidh an Ballstát fógra do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste Eorpach na Réigiún faoi na cúiseanna leis an tarraingt siar.

5. I gcás cathair i dtír CSTE/LEE, i dtír is iarrthóir nó i dtír is iarrthóir ionchasach ar bhallraíocht san Aontas, nó i dtríú tír atá comhlachaithe leis an tsraith 'Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr' de chlár AgoraEU nó le cláir de chuid an Aontais ina dhiaidh sin lena dtacaítear leis an gcultúr, glacfaidh an Coimisiún an cinneadh an teideal a tharraingt siar ag féachaint go cuí don tuairim dá dtagraítear i mír 3. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na

hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste Eorpach na Réigiún ar an eolas faoi na cúiseanna leis an tarraingt siar.

*Airteagal 15*

**Duais**

1. Féadfaidh an Coimisiún duaischiste a bhronnadh ar chathracha ainmnithe in onóir Melina Mercouri ('an duais'), faoi réir cistiú a bheith ar fáil faoin gcreat airgeadais is infheidhme.

Cuirfear an duais chun feidhme i gcomhréir le rialacha na gclár is infheidhme de chuid an Aontais lena dtacaítear leis an gcultúr.

2. Íocfar dhá thrian den duaischiste faoi dheireadh mhí an Mhárta de bhliain an teidil, ar choinníoll go leanfaidh an chathair ainmnithe lena mbaineann de na gealltanais a tugadh ag céim an iarratais a chomhlíonadh, go gcomhlíonfaidh an chathair ainmnithe na critéir, agus go gcuirfidh sí san áireamh na moltaí atá sna tuarascálacha roghnúcháin agus faireacháin.

Measfar na gealltanais a thabharfaidh an chathair ainmnithe ag céim an iarratais a bheith urramaithe i gcás nach ndéanfar athrú mór ar an gclár ná ar an straitéis idir céim an iarratais agus bliain an teidil, go háirithe:

(a) i gcás ina gcoinneofar an buiséad ag leibhéal lenar féidir clár cultúir ardcháilíochta a chur ar fáil i gcomhréir leis an iarratas agus na critéir;

(b) i gcás ina léireofar meas ar neamhspleáchas na foirne ealaíne;

(c) i gcás ina mbeidh an ghné Eorpach fós ina cuid shubstaintiúil den leagan deiridh den chlár cultúir;

(d) i gcás ina léireoidh an straitéis mhargaíochta agus chumarsáide agus an t-ábhar cumarsáide a úsáidfidh an chathair ainmnithe go soiléir gur gníomhaíocht de chuid an Aontais í an ghníomhaíocht;

(e) i gcás ina mbeidh pleananna i bhfeidhm maidir le faireachán agus meastóireacht ar thionchar an teidil ar an gcathair ainmnithe.

3. Íocfar an chuid eile den duaischiste 24 mhí ar a dhéanaí tar éis na chéad íocaíochta, ar choinníoll go bhfuil pleananna daingne ag an gcathair ainmnithe lena mbaineann maidir le hoidhreacht na bliana teidil, go háirithe:

(a) buiséad tiomnaithe don oidhreacht;

(b) clár ealaíne leantach ag a bhfuil gné Eorpach;

(c) straitéisí margaíochta agus cumarsáide a chuireann i dtábhacht gur gníomhaíocht de chuid an Aontais í an ghníomhaíocht.

4. Má tharraingítear siar an teideal a shainmhínítear in Airteagal 14 le linn na bliana teidil, gnóthóidh an Coimisiún an chuid sin den duais a íocadh cheana.

*Airteagal 16*

**Socruithe praiticiúla**

1. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas go háirithe:

(a) comhleanúnachas foriomlán na gníomhaíochta a áirithiú agus an tacaíocht is gá a chur ar fáil do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa ainmnithe;

(b) an comhordú idir na Ballstáit agus an painéal a áirithiú;

(c) i bhfianaise na gcuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 2 agus i bhfianaise na gcritéar dá dtagraítear in Airteagal 5, treoirlínte a bhunú chun cúnamh a thabhairt maidir leis na nósanna imeachta roghnúcháin agus faireacháin - lena n-áirítear an ghné Eorpach - i ndlúthchomhar leis an bpainéal;

(d) tacaíocht theicniúil a chur ar fáil don phainéal;

(e) tuarascálacha uile an phainéil a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin.

2. Comhordóidh an Coimisiún cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí chun tacú le gníomhaíocht Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa, agus déanfaidh sé an méid seo a leanas go háirithe:

(a) an fhaisnéis ábhartha uile a chur ar fáil go poiblí agus rannchuidiú le hinfheictheacht na gníomhaíochta ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta;

(b) malartú taithí agus dea-chleachtas a chothú idir na cathracha ag a raibh an teideal roimhe seo, ag a bhfuil an teideal faoi láthair agus ag a mbeidh an teideal amach anseo, chomh maith leis na cathracha is iarrthóirí, agus scaipeadh níos leithne thuarascálacha meastóireachta na gcathracha agus na gceachtanna a foghlaimíodh a chur chun cinn;

(c) líonra cathracha de chuid Phríomhchathracha Chultúir na hEorpa a chomhordú agus tacú leis agus tacaíocht a thabhairt do chathracha maidir le hiarratais a ullmhú, a gcláir a chur chun feidhme, agus cur lena dtaithí ar Phríomhchathracha Chultúir na hEorpa, lena n-áirítear é a chomhtháthú i bpleanáil fhadtéarmach uirbeach agus beartais, cibé acu a bronnadh nó nár bronnadh an teideal orthu;

(d) gníomhaíochtaí cumarsáide spriocdhírithe a fhorbairt chun feabhas a chur ar infheictheacht agus raon ghníomhaíocht Phríomhchathracha Chultúir na hEorpa laistigh den Eoraip agus lasmuigh di;

(e) faisnéis a chur ar fáil faoi chistí Eorpacha atá ann cheana maidir le forbairt tionscadal ag cathracha, lena n-áirítear meantóireacht agus oiliúint.

*Airteagal 17*

**Meastóireacht**

1. Beidh gach cathair lena mbaineann freagrach as meastóireacht na dtorthaí le haghaidh a bliana féin mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa.

Déanfaidh an Coimisiún treoirlínte comhchoiteanna agus táscairí a bhunú do na cathracha lena mbaineann ar bhonn na gcuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 2 agus ar bhonn na gcritéar dá dtagraítear in Airteagal 5, chun cur chuige comhleanúnach a áirithiú maidir leis an nós imeachta meastóireachta.

Déanfaidh na cathracha lena mbaineann a gcuid tuarascálacha meastóireachta a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig den bhliain tar éis bhliain an teidil. Foilseoidh an Coimisiún na tuarascálacha meastóireachta ar a shuíomh gréasáin.

2. I dteannta mheastóireachtaí na gcathracha, áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear meastóireachtaí seachtracha agus neamhspleácha ar thorthaí na gníomhaíochta ar fáil go tráthrialta.

Díreofar sna meastóireachtaí seachtracha agus neamhspleácha ar Phríomhchathracha Cultúir uile na hEorpa a bhí ann roimhe seo a chur i gcomhthéacs Eorpach, rud a fhágann gur féidir comparáidí a dhéanamh agus ceachtanna tairbheacha a fhoghlaim i gcás Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa a bheidh ann amach anseo agus i gcás chathracha uile na hEorpa. Beidh sna meastóireachtaí sin measúnú ar an ngníomhaíocht ina hiomláine, lena n-áirítear éifeachtúlacht na bpróiseas trína ndéantar an ghníomhaíocht a reáchtáil, tionchar na gníomhaíochta agus na bealaí ina bhféadfaí feabhas a chur uirthi.

Cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha seo a leanas ar bhonn na meastóireachtaí sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste Eorpach na Réigiún, in éineacht le haon togra ábhartha:

(a) an chéad tuarascáil eatramhach faoin 31 Nollaig 2038;

(b) an dara tuarascáil eatramhach faoin 31 Nollaig 2043;

(c) tuarascáil *ex post* faoin 31 Nollaig 2048.

*Airteagal 18*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ón [*dáta theacht i bhfeidhm an bhunghnímh reachtaigh nó aon dáta eile arna leagan síos ag na comhreachtóirí*].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar síneadh 2 mhí a chur leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 19*

**Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha**

Aisghairtear leis seo Cinneadh Uimh. 445/2014/AE. Leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige, áfach, maidir le cathracha a ainmníodh nó atá á n-ainmniú faoi láthair mar Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa do na blianta ó 2020 go 2033.

*Airteagal 20*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH**


1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ..... 3

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh ..... 3

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann ..... 3

1.3. Cuspóirí ..... 3

1.3.1. Cuspóirí ginearálta ..... 3

1.3.2. Cuspóirí sonracha ..... 3

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann ..... 3

1.3.4. Táscairí feidhmíochta ..... 4

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: ..... 4

1.5. Foras an togra/tionscnaimh ..... 4

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh ..... 4

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. ..... 4

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ..... 5

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ..... 6

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh ..... 6

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige ..... 7

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme ..... 7

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ..... 8

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ..... 8

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe ..... 8

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe ..... 8

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú ..... 8

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) ..... 8

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc ..... 8
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH ..... 9
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar ..... 9
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe ..... 10
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ..... 10
3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ..... 10
3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ..... 10
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ..... 10
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin ..... 11
3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ..... 11
3.2.3.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ..... 11
3.2.3.3. Iomlán na leithreasuithe ..... 11
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach ..... 11
3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ..... 12
3.2.4.2. Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha ..... 12
3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach ..... 12
3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha ..... 14
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha ..... 14
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe ..... 14
3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam ..... 14
4. GNÉITHE DIGITEACHA ..... 16
4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha ..... 16
4.2. Sonraí ..... 16
4.3. Réitigh dhigiteacha ..... 16
4.4. Measúnú idir-inoibritheachta ..... 16
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach ..... 16

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena n-athnuaitear gníomhaíocht de chuid an Aontais do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa le haghaidh 2034 go 2047 agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 445/2014/AE.

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Cultúr, cathracha.

### 1.3. Cuspóirí

*1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

Is é an chéad chuspóir ginearálta atá ag an ngníomhaíocht éagsúlacht na gcultúr san Eoraip a chosaint agus a chur chun cinn agus na tréithe atá i bpáirt acu a chur i dtábhacht mar aon le muintearas i measc phobail na hEorpa le limistéar cultúrtha comhchoiteann a threisiú. Is é an dara cuspóir rannchuidiú an chultúir le forbairt inbhuanaithe chuimsitheach cathracha a chothú i gcomhréir lena straitéisí agus a dtosaíochtaí siúd.

*1.3.2. Cuspóirí sonracha*

Beidh an ghníomhaíocht mar bhonn taca faoi na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(a) feabhas a chur ar raon, éagsúlacht agus gné Eorpach na n-imeachtaí cultúrtha i gcathracha, lena n-áirítear tríd an gcomhar trasnáisiúnta, rud a ardaíonn próifíl idirnáisiúnta na gcathracha.

(b) feabhas a chur ar rochtain ar an gcultúr, ar na healaíona agus ar an oidhreacht chultúrtha do chách agus feabhas a chur ar an rannpháirtíocht iontu, go háirithe do dhaoine óga, agus comhtháthú sóisialta, cothroime idirghlúine, comhionannas agus éagsúlacht a neartú, trí rannpháirtíocht chultúrtha.

c) acmhainneacht nuálaíochta na hearnála cultúir áitiúla, lena n-áirítear a hearnáil dhigiteach, agus a comhar le hearnálacha eile a neartú.

*1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Meastar go mbeidh tionchar dearfach sóisialta, eacnamaíoch, timpeallachta agus idirnáisiúnta ag an athbhreithniú a moladh ar bhunús dlí Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa.

**Tionchar sóisialta:** Meastar go neartóidh an leagan athbhreithnithe de ghníomhaíocht athbhreithnithe Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa an bhraistint féiniúlachta Eorpaí agus braistint an mhuintearais, agus go leathnófar an rochtain ar an gcultúr agus an rannpháirtíocht sa chultúr. Beidh buntáiste leis go háirithe do dhaoine i gceantair thuaithe agus i gceantair nach bhfuil chomh hinfheicthe sin, agus spreagfar níos mó daoine óga chun páirt a ghlacadh dá bharr. Tacóidh sé freisin le tionscnaimh arb é is aidhm dóibh leanaí agus daoine óga a bheith rannpháirteach. Tacófar leis an gcomhtháthú sóisialta, leis an idirphlé idirchultúrtha agus idirghlúine agus leis an rannpháirtíocht dhaonlathach laistigh den Aontas agus lasmuigh de.

**Tionchar eacnamaíoch:** Trí fheabhas a chur ar infheictheacht agus raon Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa, is dócha go gcuirfidh an tionscnamh borradh faoin turasóireacht chultúrtha áitiúil, go spreagfaidh sé nuálaíocht agus forbairt réigiúnach, agus go gcruthófar poist, go háirithe i ngnólachtaí cultúrtha beaga agus meánmhéide.

**Tionchar comhshaoil:** Leis an gcreat athbhreithnithe, comhtháthófar an inbhuanaitheacht ar bhealach níos sainráite sna próisis roghnúcháin agus faireacháin, rud a spreagfaidh cathracha chun cleachtais ghlasa a ghlacadh sa bhainistíocht, i rannpháirtíocht cuairteoirí, agus in oibríochtaí. Cuideoidh sé sin le feasacht a mhúscailt maidir le saincheisteanna aeráide trí insintí cultúrtha, agus borradh a chur faoi ról an chultúir maidir leis an aistriú glas a chur chun cinn.

**Tionchar idirnáisiúnta:** Cuirfear béim go príomha sa chreat athbhreithnithe ar na Ballstáit, mar atá faoi láthair, i gcomhréir leis an ionstraim lena soláthraítear tacaíocht airgeadais dhíreach do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa ar leibhéal an Aontais (an clár Eoraip na Cruthaitheachta go dtí 2027 agus ansin a chomharba). Mar sin féin, cuirfear tosaíochtaí gníomhaíochta seachtraí an Aontais san áireamh freisin chun a áirithiú go mbeidh ról ag an gcreat athbhreithnithe i mbeartas an Aontais um méadú, i dtaidhleoireacht chultúrtha agus i gcaidrimh chultúrtha idirnáisiúnta.

**Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe:** Rannchuideoidh an tionscnamh go dearfach le roinnt SFInna, go háirithe: SFI 4 (Oideachas ar ardchaighdeán); SFI 5 (Comhionannas inscne); SFI 8 (Obair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch); SFI 10 (Neamhionannais laghdaithe); SFI 11 (Cathracha agus pobail inbhuanaithe); SFI 13 (Gníomhaíocht ar son na haeráide); SFI 16 (Síochán, ceartas, agus institiúidí láidre); SFI 17 (Comhpháirtíochtaí ar mhaithe leis na spriocanna).

*1.3.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Ní bhaineann le hábhar. Níl cistí dílse ag gníomhaíocht Phríomhchathracha Chultúir na hEorpa. Eascróidh a buiséad as an gclár a thiocfaidh i gcomharbacht ar an gclár Eoraip na Cruthaitheachta. Déanann gach cathair ainmnithe a meastóireacht feidhmíochta féin, ar bhonn treoirlínte ón gCoimisiún a ndéanfar athbhreithniú orthu nuair a ghlacfar an bunús dlí.

**1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:**

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[34]

☒ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

[34] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

## 1.5. Foras an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Le gníomhaíocht Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa, leanfar de shaibhreas agus éagsúlacht chultúir na hEorpa agus na ngnéithe atá i bpáirt acu a chur i dtábhacht, de chomhthuiscint níos fearr a chur chun cinn idir daoine agus de rannchuidiú an chultúir le forbairt fhadtéarmach cathracha a chothú.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*)

Tá ról lárnach ag na rialtais náisiúnta maidir lena gcultúir agus a n-oidhreacht náisiúnta a chosaint agus a chur chun cinn. Mar sin féin, fuarthas sa chéad mheastóireacht eatramhach ar Ghníomhaíocht Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa 2020-2033 go gcuireann Príomhchathracha Cultúir na hEorpa luach mór leis trí chreat ar an leibhéal Eorpach a chur ar fáil lena gcuirtear i dtábhacht thábhacht idirnáisiúnta na gcathracha roghnaithe. Neartaítear léi freisin ról na gcathracha sin maidir le héagsúlacht na gcultúr san Eoraip agus a dtréithe coiteanna a chur chun cinn, agus maidir le luachanna, stair agus féiniúlacht chomhroinnte Eorpach a chur chun cinn.

Breisluach AE a mheastar a ghinfear (*ex post*)

Cuirfidh an ghníomhaíocht feabhas ar an gcomhar deonach, ar an aistriú eolais agus ar an infheictheacht idir cathracha ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin. Bronnadh teideal Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa ar chathracha lasmuigh den Aontas Eorpach trí huaire agus bronnfar arís é in 2030 agus 2033 ar chathair i dtír CSTE/LEE, i dtír is iarrthóir nó i dtír is iarrthóir ionchasach atá páirteach sa chlár Eoraip na Cruthaitheachta de chuid an Aontais. Tacaíonn gníomhaíocht Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa le hiarrachtaí náisiúnta trína gcomhtháthú i straitéis comhleanúnach de chuid an Aontais, rud a chuidíonn le hailíniú tionscnamh cultúrtha le tosaíochtaí níos leithne de chuid an Aontais, amhail rannpháirtíocht na hóige, an inbhuanaitheacht agus an nuálaíocht dhigiteach. Cuireann an tionscnamh seo ionadaíocht gheografach níos cothroime chun cinn freisin. Tá an ghné sheachtrach de ghníomhaíocht Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa i gcomhréir le hiarrachtaí níos leithne de chuid an Aontais chun beartais um méadú a neartú, taidhleoireacht chultúrtha a chur chun cinn agus caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta a chothú.

Le hathnuachan an bhunúis dlí, treiseofar acmhainn an tionscnaimh tacaíocht éifeachtach a thabhairt do chathracha, méadófar solúbthacht a dhearaidh agus cuirfear feabhas ar a chomhleanúnachas agus a thionchar fadtéarmach. Áiritheofar leis sin go leanfaidh an tAontas de ról cuiditheach agus comhlántach a bheith aige sa timpeallacht chultúrtha agus oidhreachta.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Léirítear sa chéad mheastóireacht eatramhach ar ghníomhaíocht 2020-2033 Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa gur gníomhaíocht shuaitheanta rathúil í lena mbaineann costéifeachtúlacht mhór don Aontas mar gheall ar a tionchar an-bheag ar bhuiséad an Aontais. Thairis sin, is féidir leis an tionscnamh cathracha is iarrthóirí agus cathracha roghnaithe a athrú ó bhonn. Is amhlaidh atá toisc nach mór do na cathracha tabhairt faoi phleanáil fhadtéarmach agus an cultúr a ionchorprú i bpolasaithe áitiúla na cathrach má táthar chun an chathair a bhreithniú i gcomhair an teidil. Tá an ghníomhaíocht comhsheasmhach le tionscnaimh eile de chuid an Aontais freisin (mar shampla, an clár Eoraip na Cruthaitheachta), éascaíonn sí luachanna an Aontais a roinnt agus tacaíonn sí le gluaiseacht ealaíontóirí agus ghairmithe cultúrtha na hEorpa, chomh maith le scaipeadh a saothar ar fud na hEorpa agus níos faide ar shiúl.

Tar éis 40 bliain, tá tóir ag cathracha agus ag ceantair níos leithne ar an ngníomhaíocht fós chun iad féin a fhorbairt tríd an gcultúr. Mar sin féin, chun a hábharthacht leanúnach amach anseo a áirithiú, is gá an ghníomhaíocht a thabhairt cothrom le dáta, agus treochtaí atá ag teacht chun cinn á gcur san áireamh, amhail an borradh faoin líon cathracha beaga atá ag cur isteach ar an teideal.

**An ghné Eorpach:** Is príomhghné í de ghníomhaíocht Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa (agus ceann de na critéir chun sealbhóirí teidil a roghnú), ach is iomaí páirtí leasmhar nach bhfuil tuiscint mhaith aige uirthi. Moltar sa mheastóireacht go bhfiosróidh an Coimisiún bealaí chun an ghné seo a mhíniú níos fearr do pháirtithe leasmhara.

**Eolas fadtéarmach:** Tá líonra cathracha is iarrthóirí ann darb ainm Culture Next a bunaíodh in 2017, ina bhfuil cathracha atá i mbun iarratais faoi láthair agus a rinne iarratas cheana, is cuma cé acu a bronnadh an teideal orthu nó nár bronnadh. Mar sin féin, níl líonra foirmiúil Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa ann, agus mar sin tá baol ann nach roinnfear eolas idir sealbhóirí teidil nua agus iad siúd a ainmníodh cheana. D’fhéadfadh an Coimisiún fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi chun comhroinnt an eolais a chothú i bpobal Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa chun go mbainfear acmhainneacht iomlán an tionscnaimh amach, go háirithe ó thaobh na gné Eorpaí de.

**Cumarsáid:** Níl aon fheachtas cumarsáide ar leibhéal an Aontais á reáchtáil ag an gCoimisiún Eorpach ná ag institiúidí eile de chuid an Aontais faoi láthair chun Príomhchathracha Cultúir na hEorpa a chur chun cinn. Cuireann sé sin teorainn le hinfheictheacht agus tionchar an tionscnaimh agus le feasacht an phobail air. Rachadh sé chun tairbhe do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa dá ndéanfadh an tAontas iarrachtaí cumarsáide chun tacú le hobair na gcathracha is sealbhóirí teidil agus chun an obair sin a chomhlánú, i gcomhar leis na Ballstáit agus le hionchur uathu. D’fhéadfaí ambasadóirí Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa a ainmniú, mar shampla Coimisinéirí nó Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, chun an tionscnamh a neartú.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Eascróidh gníomhaíocht Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa as an gclár a thiocfaidh i gcomharbacht ar an gclár Eoraip na Cruthaitheachta (an togra le

haghaidh chlár AgoraEU faoi láthair), atá ina chuid den togra maidir le creat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034.

Tá gníomhaíocht Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa ailínithe le cuspóirí an Chompáis Cultúir don Aontas Eorpach agus cuireann sí le roinnt príomhthionscnamh beartais, lena n-áirítear an Clár Oibre Eorpach Nua le haghaidh an Chultúir ón gCoimisiún, Pleananna Oibre an Aontais don Chultúr ón gComhairle, an Teachtaireacht Chomhpháirteach 'I dtreo Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta', agus an creat gníomhaíochta Eorpach um an oidhreacht chultúrtha.

Tá gníomhaíocht an Aontais ag teacht freisin le tionscnaimh Eorpacha amhail Bauhaus Eorpach Nua, an Lipéad Oidhreachta Eorpach agus Clár Oibre AE le haghaidh na gCathracha. Tá sí i gcomhréir freisin le Dearbhú na Róimhe ó mhí an Mhárta 2017, inar bheartaigh na Ballstáit agus institiúidí de chuid an Aontais Aontas ina mbeadh 'deiseanna nua ag saoránaigh le haghaidh forbairt chultúrtha agus shóisialta agus fás eacnamaíoch […]; Aontas a chaomhnóidh ár n-oidhreacht chultúrtha agus a chuirfidh an éagsúlacht chultúrtha chun cinn'. Ina theannta sin, tá sé ag teacht leis an Sciath Eorpach don Daonlathas agus leis an straitéis um an gcothroime idirghlúine. Beidh gníomhaíocht Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa i gcomhréir freisin leis an straitéis Eorpach um thurasóireacht inbhuanaithe.

Moltar do chathracha is iarrthóirí féachaint an féidir, más infheidhme, tacaíocht airgeadais a fháil ó chláir agus cistí de chuid an Aontais, go háirithe an clár AgoraEU agus an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, trí na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, chomh maith le cláir ina dhiaidh sin.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Ní bhaineann le hábhar

**1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

☒ **tréimhse theoranta**

– ☒ i bhfeidhm ón 1.1.2034 go dtí an 31.12.2047

– ☒ tionchar airgeadais ó 2034 go 2047 maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó 2034 go 2047 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☒ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d’ainmnigh siad

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)

– ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha

– ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

– ☐comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d’fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d’uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

Cuirfidh an Coimisiún an ghníomhaíocht chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, agus d'fhéadfaí codanna di a tharmligean chuig comhlacht cur chun feidhme cláir.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Ní bhaineann le hábhar. Déanann gach cathair ainmnithe a meastóireacht feidhmíochta féin, ar bhonn treoirlínte ón gCoimisiún a ndéanfar athbhreithniú orthu nuair a bheidh an bunús dlí glactha.

Cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha seo a leanas ar bhonn na meastóireachtaí sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste Eorpach na Réigiún, agus más iomchuí, in éineacht le tograí ábhartha:

(a) an chéad tuarascáil eatramhach;

(b) an dara tuarascáil eatramhach;

(c) tuarascáil *ex post*.

### 2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Ní bhaineann le hábhar. Eascróidh buiséad ghníomhaíocht Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa as an gclár a thiocfaidh i gcomharbacht ar an gclár Eoraip na Cruthaitheachta.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Bronnann an Coimisiún duais shiombalach ar gach cathair ainmnithe, agus íocann sé aisti, ar cathracha iad a chomhlíon na gealltanais a thug siad le linn an phróisis tairisceana agus ag a bhfuil plean oidhreachta ina bhfuil gné Eorpach. Is méid socraithe í an duais a íoctar in dhá thráthchuid tar éis roinnt cruinnithe faireacháin a dhéanann painéal saineolaithe neamhspleách.

*2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

Ní bhaineann le hábhar. Déanann gach cathair ainmnithe a meastóireacht feidhmíochta féin, ar bhonn treoirlínte ón gCoimisiún a ndéanfar athbhreithniú orthu nuair a ghlacfar an bunús dlí.

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Leanfaidh na seirbhísí ar leith dá straitéis frithchalaoise a chur i bhfeidhm – i gcomhréir le Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin (CAFS) – chun a áirithiú *inter alia* go bhfuil a rialuithe frithchalaoise inmheánacha ailínithe go hiomlán le CAFS agus go bhfuil a gcur chuige maidir le bainistiú riosca calaoise dírithe ar chásanna riosca calaoise a shainaithint agus freagairtí leordhóthanacha a thabhairt. Leis an straitéis frithchalaoise atá i bhfeidhm faoi láthair, cumasaítear aghaidh a thabhairt ar riosca calaoise, trí bhearta chun neamhrialtachtaí a chosc go príomha, ar bearta iad a dhéantar a ghéarú ina dhiaidh sin i gcás ina mbraitear calaois.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

  *<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

Nóta: Ní bhaineann le hábhar. Níl cistí dílse ag gníomhaíocht Phríomhchathracha Chultúir na hEorpa. Eascróidh a buiséad as an gclár a thiocfaidh i gcomharbacht ar an gclár Eoraip na Cruthaitheachta.

| Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[35] .. | ó thíortha de chuid CSTE[36] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[37] | Ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| 2 | 06 01 02 Caiteachas tacaíochta le haghaidh 'AgoraEU' | LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| 2 | 06 03 01 Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr | LD | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

35 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

36 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

37 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar arb iarrthóirí ionchasacha iad.

### 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Is chun críoch léiriúcháin amháin a chuirtear isteach an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas agus ar sholáthar foirne do 2028 agus ina dhiaidh sin, agus níl sé ina réamhbhreith ar an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile. Tá foinse maoiniúcháin agus raon feidhme ghealltanais airgeadais an Aontais sa tréimhse tar éis 2027 fós faoi réir thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le CAInna a bheidh ann amach anseo agus déanfar iad a chinneadh tríd an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil ina dhiaidh sin. Is leithreasuithe táscacha iad na leithreasuithe agus na leithdháiltí foirne uile ó 2028 ar aghaidh.

*3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

Ní bhaineann le hábhar.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimhir | 2 |
|---|---|---|

| Ard-Stiúrthóireacht: EAC | | | Bliain 2034 | Bliain 2035 | Bliain 2036 | Bliain 2037 | Bliain 2038 | Bliain 2039-2047 | IOMLÁN 2034 - 2047 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid 06 03 01 Eoraip na Cruthaitheachta - an Cultúr | Gealltanais | (1a) | 6,45 | 9,45 | 6,45 | 9,7 | 6,45 | 64,55 | **103,05** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 4,45 | 4,45 | 8,45 | 6,45 | 9,7 | 65,30 | **98,8** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | | | **0,000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh AS EAC** | Gealltanais | =1a+1b+3 | **6,45** | **9,45** | **6,45** | **9,7** | **6,45** | **64,55** | **103,05** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | **4,45** | **4,45** | **8,45** | **6,45** | **9,7** | **65,30** | **98,8** |

*3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha*

Ní bhaineann le hábhar.

*3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (níl sé seo le líonadh isteach i gcás gníomhaireachtaí díláraithe)*

Ní bhaineann le hábhar.

### 3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

Is chun críoch léiriúcháin amháin a chuirtear isteach an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas agus ar sholáthar foirne do 2028 agus ina dhiaidh sin, agus níl sé ina réamhbhreith ar an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile. Tá foinse maoiniúcháin agus raon feidhme ghealltanais airgeadais an Aontais sa tréimhse tar éis 2027 fós faoi réir thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le CAInna a bheidh ann amach anseo agus déanfar iad a chinneadh tríd an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil ina dhiaidh sin. Is leithreasuithe táscacha iad na leithreasuithe agus na leithdháiltí foirne uile ó 2028 ar aghaidh.

*3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar (in EUR milliún)*

| **LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR** | Bliain **2034** | Bliain **2035** | Bliain **2036** | Bliain **2037** | **Bliain 2038-2047** | **IOMLÁN 2034 - 2047** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 4** | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 1,005 | 1,005 | 1,005 | 1,005 | 10,050 | **14,070** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,015 | 0,215 | 0,015 | 0,215 | 1,150 | **1,610** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 4** | 1,020 | 1,220 | 1,020 | 1,220 | 11,200 | **15,680** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | | | | | | |
| **IOMLÁN** | 1,020 | 1,220 | 1,020 | 1,220 | 11,200 | **15,680** |

*3.2.3.3. Iomlán leithreasuithe (in EUR milliún)*

| **IOMLÁN NA LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR + IONCAIM SHANNTA SHEACHTRACHA** | Bliain **2034** | Bliain **2035** | Bliain **2036** | Bliain **2037** | **Bliain 2038-2047** | **IOMLÁN 2034 - 2047** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 4** | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 1,005 | 1,005 | 1,005 | 1,005 | 10,050 | **14,070** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,015 | 0,215 | 0,015 | 0,215 | 1,150 | **1,610** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 4** | 1,020 | 1,220 | 1,020 | 1,220 | 11,200 | **15,680** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | | | | | | |
| **IOMLÁN** | 1,020 | 1,220 | 1,020 | 1,220 | 11,200 | **15,680** |

### 3.2.4. *Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

Is chun críoch léiriúcháin amháin a chuirtear isteach an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas agus ar sholáthar foirne do 2028 agus ina dhiaidh sin, agus níl sé ina réamhbhreith

ar an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile. Tá foinse maoiniúcháin agus raon feidhme ghealltanais airgeadais an Aontais sa tréimhse tar éis 2027 fós faoi réir thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le CAI 2028-2034 agus déanfar iad a chinneadh tríd an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil ina dhiaidh sin. Is leithreasuithe táscacha iad na leithreasuithe agus na leithdháiltí foirne uile ó 2028 ar aghaidh.

*3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR | | Bliain 2034 | Bliain 2035 | Bliain 2036 | Bliain 2037 | Bliain 2038 | Bliain 2039-2047 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)** | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Riarachán Líne thacaíochta [XX.1.YY.YY] | - sa cheanncheathrú | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | - i dToscaireachtaí an Aontais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 02 (AC, END - Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 12 (AC, END – Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 4 | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 4 | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN** | | **7** | **7** | **7** | **7** | **7** | **7** |

*3.2.4.2. Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha*

Ní bhaineann le hábhar.

*3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach*

| IOMLÁN NA LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR + IONCAIM SHANNTA SHEACHTRACHA | | Bliain 2034 | Bliain 2035 | Bliain 2036 | Bliain 2037 | Bliain 2038 | Bliain 2039-2047 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)** | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Riarachán Líne | - sa cheanncheathrú | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| thacaíochta [XX.1.YY.YY] | - i dToscaireachtaí an Aontais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 02 (AC, END - Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 12 (AC, END – Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 4 | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 4 | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN** | | **7** | **7** | **7** | **7** | **7** | **7** |

I bhfianaise an bhrú fhoriomláin atá i gCeannteideal 4, maidir le soláthar foirne agus leibhéal na leithreasuithe araon, is baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistiú an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht nó de sheirbhísí eile de chuid an Choimisiúin a chomhlíonfaidh na hacmhainní daonna is gá.

An fhoireann is gá chun an togra a chur chun feidhme (in aonaid de choibhéis lánaimseartha):

| | **Le cumhdach ag an bhfoireann atá ann faoi láthair atá le fáil i seirbhísí an Choimisiúin** | **Foireann bhreise eisceachtúil*** | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **Le maoiniú faoi Cheannteideal 4 nó Taighde** | **Le maoiniú ó líne BA** | **Le maoiniú ó tháillí** |
| Poist sa phlean bunaíochta | 3 | | Ní bhaineann le hábhar | |
| Foireann sheachtrach (CA, SNEnna, INT) | 4 | | | |

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh ag:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Comhleanúnachas foriomlán na gníomhaíochta a áirithiú agus an tacaíocht is gá a chur ar fáil do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa ainmnithe;<br>An comhordú idir na Ballstáit agus an painéal a áirithiú;<br>Maoirseacht agus comhordú an phainéil a áirithiú;<br>Maoirseacht ar na comórtais sna Ballstáit a áirithiú<br>Na comórtais a chomhordú i dtríú tíortha. |
| Pearsanra seachtrach | Treoirlínte a bhunú chun cúnamh a thabhairt maidir leis na nósanna imeachta roghnúcháin agus faireacháin - lena n-áirítear an ghné Eorpach - i ndlúthchomhar leis an bpainéal;<br>Tacaíocht theicniúil a sholáthar don phainéal;<br>Tuarascálacha uile an phainéil a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin.<br>An fhaisnéis ábhartha uile a chur ar fáil go poiblí agus rannchuidiú le hinfheictheacht na |

| | |
|---|---|
| | gníomhaíochta ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta;<br>Malartú taithí agus dea-chleachtas a chothú idir na cathracha ag a raibh an teideal roimhe seo, ag a bhfuil an teideal faoi láthair agus ag a mbeidh an teideal amach anseo, chomh maith leis na cathracha is iarrthóirí, agus scaipeadh níos leithne thuarascálacha meastóireachta na gcathracha agus na gceachtanna a foghlaimíodh a chur chun cinn;<br>Líonra cathracha de chuid Phríomhchathracha Chultúir na hEorpa a chomhordú agus tacú leis agus tacaíocht a thabhairt do chathracha maidir le hiarratais a ullmhú, a gcláir a chur chun feidhme, agus cur lena dtaithí ar Phríomhchathracha Chultúir na hEorpa, lena n-áirítear é a chomhtháthú i bpleanáil fhadtéarmach uirbeach agus beartais, cibé acu a bronnadh nó nár bronnadh an teideal orthu;<br>Gníomhaíochtaí cumarsáide spriocdhírithe a fhorbairt chun feabhas a chur ar infheictheacht agus raon ghníomhaíocht Phríomhchathracha Chultúir na hEorpa laistigh den Eoraip agus lasmuigh di;<br>Faisnéis a chur ar fáil faoi chistí Eorpacha atá ann cheana maidir le forbairt tionscadal ag cathracha, lena n-áirítear meantóireacht agus oiliúint. |

3.2.5. *Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha*

Ní bhaineann le hábhar.

3.2.6. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

Tá an togra/tionscnamh comhsheasmhach leis an togra le haghaidh CAI 2028-2034.

3.2.7. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | |

3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam

– ☒ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ☐ ar acmhainní dílse

– ☐ ar ioncam eile

– ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[38] | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** |
| Airteagal …………. | | | | | |

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

| |
|---|
| Ní bhaineann le hábhar. |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|
| Ní bhaineann le hábhar. |

[38] A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

## 4. GNÉITHE DIGITEACHA

### 4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha

Ceanglas 1 (R1):

Mar a luaitear in Airteagal 16(2)(a) den togra *[...] an fhaisnéis ábhartha uile a chur ar fáil go poiblí agus rannchuidiú le hinfheictheacht na gníomhaíochta ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta*. Is iad an Coimisiún Eorpach, na húdaráis náisiúnta agus na tairbhithe na gníomhaithe a ndéanann an ceanglas sin difear dóibh nó a mbaineann sé leo. Is é 'scaipeadh' an próiseas ardleibhéil a ndéantar difear dó.

### 4.2. Sonraí

Baineann na sonraí a chuirtear ar fáil le faisnéis, nuacht agus torthaí ghníomhaíocht Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa agus tagann siad ó thuarascálacha poiblí nó ó fhoirmeacha iarratais cathracha.

### 4.3. Réitigh dhigiteacha

Is ardán scaipthe é an réiteach digiteach atá beartaithe, i gcomhréir le hAirteagal 16 den togra. Is iad príomhfheidhmeanna sainordaithe an ardáin faisnéis, nuacht agus torthaí na gníomhaíochta a scaipeadh. Is é an Coimisiún Eorpach agus comhlacht féideartha cur chun feidhme cláir a bheidh sna comhlachtaí bainistíochta.

Freastalófar ar inrochtaineacht agus measfar ath-inúsáidteacht i gcomhréir le caighdeáin an Choimisiúin. Leis an ardán déanfar úsáid na hintleachta saorga a ghiaráil, más infheidhme, agus cloífear le prionsabal an réamhchúraim.

Agus IS á ghiaráil ag an gCoimisiún Eorpach, áiritheoidh sé go gcomhlíonfar an Gníomh um an Intleacht Shaorga.

Gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679, áiritheoidh an Coimisiún Eorpach slándáil, sláine, barántúlacht agus rúndacht na sonraí a bailíodh agus a stóráladh chun críoch an Rialacháin seo.

### *4.4. Measúnú idir-inoibritheachta*

Ní bhaineann le hábhar.

### 4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach

Ní bhaineann le hábhar.